Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9333/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0902(APP)**

**AG 53**
**INST 195**
**PE 55**
**JUR 362**
**FREMP 104**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Roberta METSOLA, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa |
| dáta a fuarthas: | 19 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Jean-Yves LE DRIAN, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle agus an Ionstraim maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa agus togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite.

---

Faoi iamh: P9_TA(2022)0129

**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P9_TA(2022)0129

## Toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Bealtaine 2022 ar an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh (76/787/CEGC, CEE, Euratom) ón gComhairle agus an Ionstraim maidir le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin (2020/2220(INL) – 2022/0902(APP))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do Dhearbhú an 9 Bealtaine 1950 lenar moladh an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC) a bhunú mar chéad chéim i dtreo chónaidhm na hEorpa,

– ag féachaint don Ionstraim maidir le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach (‘an Ionstraim Thoghcháin’) atá i gceangal le Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 1976, arna leasú le Cinneadh 2002/772/CE, Euratom, ón gComhairle an 25 Meitheamh agus an 23 Meán Fómhair 2002[1], agus le Cinneadh (AE, Euratom) 2018/994 ón gComhairle an 13 Iúil 2018[2],

– ag féachaint do na Conarthaí, agus go háirithe d’Airteagail 2, 3, 9, 10, 14 agus 17(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus d’Airteagail 8, 20, 22, 223(1) agus 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus d’Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach,

– ag féachaint do Phrótacal Uimh. 7 maidir le Pribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Threoir 93/109/CE ón gComhairle an 6 Nollaig 1993 lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin chuig Parlaimint na hEorpa do shaoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad[3],

– ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir le nós imeachta toghcháin Pharlaimint na hEorpa, agus go háirithe do rún uaithi an 15 Iúil 1998 maidir le dréacht-nós imeachta toghcháin lena n-ionchorpraítear prionsabail chomhchoiteanna do thoghadh Feisirí de

---

1 IO L 283, 21.10.2002, lch. 1.
2 IO L 178, 16.7.2018, lch. 1.
3 IO L 329, 30.12.1993, lch. 34.

Pharlaimint na hEorpa[1], do rún uaithi an 22 Samhain 2012 maidir leis na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa in 2014[2], do rún uaithi an 4 Iúil 2013 maidir le feabhas a chur ar na socruithe praiticiúla chun na toghcháin Eorpacha a reáchtáil in 2014[3], agus do rún uaithi an 11 Samhain 2015 maidir le hAthchóiriú dhlí toghcháin AE[4],

– ag féachaint do rúin uaithi an 13 Márta 2013[5] agus an 7 Feabhra 2018[6] ar chomhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do rún uaithi an 26 Samhain 2020 maidir le hathbhreithniú ar na toghcháin Eorpacha[7],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha[8], go háirithe Airteagail 13, 21 agus 31 de,

– ag féachaint do Chreat-Chomhaontú an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach,

– ag féachaint don tuarascáil faisnéise ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le fíorchearta vótála daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa, a glacadh ina seisiún iomlánach an 20 Márta 2019[9] agus dá thuairim bhreise maidir leis an ngá atá le fíorchearta a ráthú do dhaoine faoi mhíchumas chun vótáil i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa a glacadh an 2 Nollaig 2020[10],

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), arna dhaingniú ag an Aontas in 2010, agus ag na Ballstáit go léir, agus d'Airteagal 29 de maidir le rannpháirtíocht sa saol polaitiúil agus poiblí,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 dar teideal 'Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030' (COM(2021)0101),

---

1 IO C 292, 21.9.1998, lch. 66,
2 IO C 419, 16.12.2015, lch. 185.
3 IO C 75, 26.2.2016, lch. 109.
4 IO C 366, 27.10.2017, lch. 7.
5 IO C 36, 29.1.2016, lch. 56.
6 IO C 463, 21.12.2018, lch. 83.
7 IO C 425, 20.10.2021, lch. 98.
8 IO L 317, 4.11.2014, lch. 1.
9 https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/information-reports/real-right-persons-disabilities-vote-european-parliament-elections-information-report
10 https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/need-guarantee-real-rights-persons-disabilities-vote-european-parliament-elections-additional-opinion

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2020 maidir le plean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach (COM(2020)0790),

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), agus go háirithe Airteagail 11, 11, 23 39 di,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus go háirithe prionsabal 1 de,

– ag féachaint don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, agus go háirithe Airteagal 25 de,

– ag féachaint d'obair an Aontais Idirpharlaimintigh (IPU) maidir le comhionannas inscne, go háirithe a Phlean Gníomhaíochta do pharlaimintí atá inscne-íogair,

– ag féachaint don óráid ar Staid an Aontais 2021 inar fhógair Ursula von der Leyen gurb í an bhliain 2022 bliain na hóige,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún do Bhliain Eorpach na hÓige 2022,

– ag féachaint do Rialacha 46 agus 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (A9-0083/2022),

A. de bhrí, ó 1976 i leith, nuair a réitigh an Ionstraim Thoghcháin an bealach do thoghadh ionadaithe Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach den chéad uair, gur iarr Parlaimint na hEorpa go leanúnach go ndéanfaí dlí toghcháin na hEorpa a athchóiriú agus go dtéann sí i dtreo nós imeachta toghcháin atá níos fíre, níos aonfhoirmí agus níos Eorpaí;

B. de bhrí gur tairgeadh céim dhearfach chun tosaigh le Conradh Liospóin trí cheart Pharlaimint na hEorpa togra a thionscnamh maidir leis an Ionstraim Toghcháin agus maidir lena comhdhéanamh a dheimhniú;

C. de bhrí gur bhain athruithe tábhachtacha eile i gConradh Liospóin go háirithe le foclaíocht Airteagal 14 CAE, ina luaitear go bhfuil an Pharlaimint le bheith comhdhéanta d'ionadaithe ó shaoránaigh an Aontais seachas pobail na mBallstát, chomh maith leis an tagairt do ról na Parlaiminte i dtoghadh Uachtarán an Choimisiúin, ar cheart a bheith tofa agus torthaí thoghcháin Pharlaimint na hEorpa á gcur san áireamh;

D. de bhrí gur bunaíodh fasach leis an nós imeachta do thoghcháin 2014 maidir le ról na Parlaiminte i roghnú Uachtarán an Choimisiúin; de bhrí nárbh fhéidir an nós imeachta sin a bheith mar chuid d'athchóiriú foriomlán ar dhlí toghcháin na hEorpa, rud a chuidigh leis an gcúlra polaitiúil a chruthú chun prionsabal an phríomhiarrthóir a dhífheidhmiú gan choinne tar éis thoghcháin Eorpacha 2019; de bhrí gur cheart a chur de chúram ar an iarrthóir tosaigh, a bhfuil an líon foriomlán is airde suíochán faighte ag a eintiteas polaitiúil Eorpach, tromlach comhghuaillíochta a bhunú sa Pharlaimint nuathofa ar dtús maidir le hiarrthóir a ainmniú d'Uachtarán an Choimisiúin; de bhrí, i gcás nach féidir tromlach comhghuaillíochta a bhaint amach, gur cheart an cúram a shannadh don chéad iarrthóir tosaigh eile; de bhrí go bhfuil an Pharlaimint ag súil go rachaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí i gcomhairle le ceannairí na n-eintiteas polaitiúil Eorpach agus na ngrúpaí parlaiminteacha sin chun an próiseas ainmniúcháin a

chur ar an eolas, agus go measann sí go bhféadfaí an próiseas iarrathóra tosaigh sin a chur ar bhonn foirmiúil trí chomhaontú polaitiúil idir na heintitis pholaitiúla Eorpacha agus trí Chomhaontú Idirinstitiúideach idir an Pharlaimint agus an Chomhairle Eorpach;

E. de bhrí go léirítear i roinnt forálacha comhchoiteanna san Ionstraim Thoghcháin Eorpach atá ann faoi láthair an bealach i dtreo feabhsuithe riachtanacha, lena n-áirítear na cinn sin lena bhforáiltear go dtoghfaí iarrthóirí trí ionadaíocht chionmhar trí úsáid a bhaint as córas liostaí nó as córas an aonvótá inaistrithe; ar mhaithe leis an tsaoirse chun toghlaigh a bhunú ar an leibhéal náisiúnta; chun uastairseach toghcháin 5 % a thabhairt isteach sna toghlaigh náisiúnta mar mhodh chun a ráthú go bhfuil an Pharlaimint in ann feidhmiú; agus chun cosc a chur ar na Feisirí dé-shainordú a bheith acu sa Pharlaimint náisiúnta agus i bParlaimint na hEorpa;

F. de bhrí, in ainneoin roinnt céimeanna chun cinn maidir le comhchaighdeáin le haghaidh nósanna imeachta toghcháin a shainiú do Pharlaimint na hEorpa, go bhfuil toghcháin Eorpacha, sa lá atá inniu ann, fós á rialú faoi dhlíthe náisiúnta den chuid is mó agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le tuilleadh feabhsuithe chun nós imeachta atá aonfhoirmeach i ndáiríre a bhunú do thoghcháin Eorpacha;

G. de bhrí gurbh é an ráta vótála a cláraíodh i dtoghcháin Eorpacha 2019 an líon is airde in aon toghchán do Pharlaimint na hEorpa le 20 bliain anuas; de bhrí go bhfolaíonn an ráta rannpháirtíochta éagothromaíochtaí móra idir na Ballstáit; de bhrí gur comhartha dearfach é an ráta vótála méadaithe agus go léiríonn sé go bhfuil saoránaigh, agus go háirithe ag na glúine is óige den Aontas, ag léiriú níos mó spéise i bhforbairt lánpháirtiú na hEorpa, mar a léirítear freisin le torthaí Eorabharaiméadar speisialta an 9 Márta 2021; de bhrí go gciallaíonn an ráta sin fós nach raibh ach leath de shaoránaigh an Aontais rannpháirteach; de bhrí go léiríonn níos mó spéise i dtoghcháin Eorpacha go n-éilíonn saoránaigh an Aontais gníomhaíocht thapa ón Aontas i réimse an athraithe aeráide, an téarnaimh eacnamaíoch, chosaint chearta an duine agus an smachta reachta, na himirce, agus ról an Aontais Eorpaigh sa chaidreamh idirnáisiúnta; de bhrí nach mór iarrachtaí cumarsáide a dhéanamh chun leas na saoránach i saincheisteanna Eorpacha agus ról na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a mhéadú ina leith sin;

H. de bhrí gur féidir an treocht maidir le líon na vótálaithe a bheith ag dul i méid a fheabhsú má neartaítear an nasc agus an chuntasacht idir vótálaithe agus iarrthóirí agus má chothaítear an ghné uile-Aontais;

I. de bhrí, le córas toghcháin feidhmiúil, go gcothaítear muinín agus tacaíocht i measc an daonra agus go méadaítear muinín shaoránaigh an Aontais ina gcumas an tsochaí a athrú go daonlathach trí vótáil;

J. de bhrí go bhfuil formheas Chinneadh 2018/994 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 fós ar feitheamh ach nach gcuirtear bac leis sin ar na hathruithe is gá ar chórais toghcháin an Aontais;

K. de bhrí go bhféadfadh móiminteam polaitiúil atá ag dul i méid ar fud na hEorpa an fhéidearthacht a thairiscint eilimintí agus forálacha a thabhairt isteach a neartódh gné Eorpach na dtoghchán;

L. de bhrí gur cheart cur chuige iomchuí chun dlí toghcháin Eorpach a athchóiriú a bheith bunaithe ar urraim do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus ar íoschaighdeáin chomhchoiteanna a thabhairt isteach;

M. de bhrí gur cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an athchóiriú ar nós imeachta toghcháin Pharlaimint na hEorpa feabhas a chur ar an díospóireacht phoiblí dhaonlathach agus thrasnáisiúnta agus ar ghné na dtoghchán Eorpach agus ar dhlisteanacht dhaonlathach phróiseas cinnteoireachta an Aontais, an tsaoránacht san Aontas a threisiú, feidhmiú Pharlaimint na hEorpa agus rialachas an Aontais a fheabhsú, obair Pharlaimint na hEorpa a dhéanamh níos dlisteanaí agus níos reachtaí trí fhíorcheart tionscnaimh a thabhairt di, prionsabail an chomhionannais toghcháin agus comhdheiseanna a neartú, go háirithe idir mná agus fir, éifeachtacht an chórais chun toghcháin Eorpacha a reáchtáil a fheabhsú, agus Feisirí de chuid Parlaimint na hEorpa a thabhairt níos gaire dá vótálaithe, agus go háirithe an dream is óige ina measc;

N. de bhrí go n-iarrtar i Moladh 16 ó Phainéal Saoránach Eorpach 2 maidir leis an daonlathas Eorpach /Luachanna agus cearta, an smacht reachta, slándáil na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa dlí toghcháin do Pharlaimint na hEorpa lena gcomhchuibhítear coinníollacha toghcháin (aois vótála, dáta toghcháin, ceanglais do thoghcheantair, d'iarrthóirí, do pháirtithe polaitiúla agus dá maoiniú), agus go mbeadh ceart vótála ag saoránaigh Eorpacha do pháirtithe éagsúla ar leibhéal an Aontais Eorpaigh atá comhdhéanta d'iarrthóirí ó Bhallstáit éagsúla, agus go bhféadfadh saoránaigh vóta a chaitheamh fós do pháirtithe náisiúnta agus trasnáisiúnta araon le linn idirthréimhse leordhóthanach;

O. de bhrí go moltar sa Tuarascáil ar Smaointe don Óige a eisíodh mar thoradh ar an gCruinniú Eorpach um an Óige (EYE) ón 22 go dtí an 23 Deireadh Fómhair 2021 go n-úsáidfí liostaí trasnáisiúnta, ina dtabharfaí liosta iarrthóirí náisiúnta do vótálaithe, agus liosta breise le hiarrthóirí ó gach Ballstát; de bhrí, leis an tuarascáil sin, go dtacaítear freisin le forfheidhmiú phróiseas an iarrthóra tosaigh;

P. de bhrí, sa Tríú Tuarascáil Eatramhach ar ardán digiteach ilteangach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, go meastar gur bhain ceann de na tograí a pléadh níos minice, agus smaoineamh a formhuiníodh go forleathan, le cruthú liostaí toghcháin trasnáisiúnta uile-Aontais;

Q. de bhrí gur iarradh sa chomhaontú polaitiúil meántéarma "*Our priorities for Europeans*" [Ár dtosaíochtaí do mhuintir na hEorpa], a d'fhormhuinigh ceannairí EPP, Ghrúpa S&D agus Ghrúpa Renew an 17 Eanáir 2022, go gcuirfí "próiseas iarrthóirí tosaigh mar aon le liostaí trasnáisiúnta le líon leordhóthanach suíochán i bhfeidhm do na chéad toghcháin Eorpacha eile";

R. de bhrí nach mór prionsabail na comhréireachta agus an chomhionannais deiseanna a mheas i ndáil le mionlaigh, atá faoi ghannionadaíocht i bParlaimint na hEorpa; de bhrí go ndearbhaíonn tuairim is 20 Feisire as 705 gur de mhionlach iad (=2,8%)[1]; de bhrí go n-aithníonn Coimisiún na Veinéise an ról atá ag suíocháin ráthaithe forchoimeádta do chomhaltaí de mhionlaigh náisiúnta, tairseacha toghcháin níos ísle i gcórais toghcháin chomhréireacha do pháirtithe a dhéanann ionadaíocht ar mhionlaigh náisiúnta nó ainmniú toghcheantair chun rannpháirtíocht na mionlach sa phróiseas cinnteoireachta a fheabhsú[2];

---

1 Bunaithe ar shonraí ó Idirghrúpa Pharlaimint na hEorpa do Mhionlaigh Thraidisiúnta, Pobail Náisiúnta agus Teangacha

2 Bailiúchán Tuairimí agus Tuarascálacha Choimisiún na Veinéise maidir le Córais Toghcháin agus Mionlaigh Náisiúnta CDL-PI(2019)004, go háirithe a Thuarascáil ar an Dlí Toghcháin agus Mionlaigh Náisiúnta CDL-INF (2000).

S. de bhrí go raibh an fhéidearthacht chun nós imeachta toghcháin aonfhoirmeach a fhorbairt atá bunaithe ar vótáil chomhchoiteann dhíreach cumhdaithe sna Conarthaí ó 1957 i leith;

T. de bhrí go ndéanfaí an ceart atá ag saoránaigh uile an Aontais a bheith rannpháirteach, ar bhonn comhionann, i saol daonlathach an Aontais, a chur chun cinn trí chomhchuibhiú méadaitheach a dhéanamh ar an nós imeachta do thoghcháin chuig Parlaimint na hEorpa sna Ballstáit go léir, rud a neartódh gné pholaitiúil an lánpháirtithe Eorpaigh freisin;

U. de bhrí go rannchuidíonn páirtithe polaitiúla Eorpacha le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus, dá bhrí sin, gur cheart ról níos láidre a bheith acu sna feachtais le haghaidh toghcháin do Pharlaimint na hEorpa chun a n-infheictheacht a fheabhsú agus chun an nasc idir vóta do pháirtí náisiúnta ar leith agus an tionchar atá aige ar mhéid grúpa pholaitiúil Eorpaigh i bParlaimint na hEorpa agus ar ainmniú Uachtarán an Choimisiúin a shoiléiriú;

V. de bhrí go n-iarrtar ar chomhlachais vótálaithe nó ar eintitis toghcháin nach mbaineann le páirtí polaitiúil Eorpach ról a bheith acu sna feachtais le haghaidh toghcháin do Pharlaimint na hEorpa chun rannpháirtíocht na saoránach sna próisis toghcháin a mhéadú;

W. de bhrí go bhfuil éagsúlacht mhór maidir leis an nós imeachta chun iarrthóirí a ainmniú sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ó Bhallstát go Ballstát agus ó pháirtí go páirtí, go háirithe maidir le caighdeáin trédhearcachta, dhaonlathacha agus chomhionannais inscne; de bhrí, áfach, go bhfuil nósanna imeachta oscailte, trédhearcacha agus daonlathacha lena n-urramaítear comhionannas inscne chun iarrthóirí a roghnú bunriachtanach chun muinín a chothú sa chóras polaitiúil;

X. de bhrí go bhfuil éagsúlacht mhór idir na Ballstáit maidir leis na spriocdhátaí chun bailchríoch a chur ar liostaí toghcháin roimh thoghcháin Eorpacha, idir 17 lá agus 83 lá faoi láthair; de bhrí, leis sin, go mbíonn seasamh éagothrom ag iarrthóirí agus vótálaithe ar fud an Aontais maidir leis an am a chaithfidh siad i mbun feachtais nó chun machnamh a dhéanamh ar a rogha vótála;

Y. de bhrí go bhfuil éagsúlacht mhór idir na spriocdhátaí chun an rolla toghthóirí a thabhairt chun críche roimh thoghcháin Eorpacha agus go bhféadfadh sé a bheith deacair faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit maidir le vótálaithe (atá dírithe ar vótáil dhúbailte a sheachaint), nó dodhéanta fiú;

Z. de bhrí go neartófaí daonlathas na hEorpa agus go ndéanfaí toghadh Uachtarán an Choimisiúin agus a chuntasacht nó a cuntasacht a dhlisteanú tuilleadh dá mbunófaí toghlach uile-Aontais ina mbeadh iarrthóir gach teaghlaigh pholaitiúil ar bharr liostaí do phost Uachtarán an Choimisiúin; de bhrí go bhféadfadh sé sin rannchuidiú le spás polaitiúil Eorpach a thógáil agus na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a dhéanamh bunaithe go fírinneach ar shaincheisteanna Eorpacha seachas ar shaincheisteanna nach bhfuil ach leas náisiúnta ag baint leo;

AA. de bhrí, gur chinn na Cinn Stáit agus Rialtais, ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí acu ar an 23 Feabhra 2018, leanúint lena machnamh, chomh maith leis an obair theicniúil, dhlíthiúil agus pholaitiúil, maidir leis an tsaincheist a bhaineann leis na liostaí trasnáisiúnta atá á mbunú do thoghcháin 2024;

AB. de bhrí nach dtugann na Ballstáit uile an deis dá saoránaigh vótáil ón gcoigríoch, agus i measc na saoránach sin a dhéanann amhlaidh, tá éagsúlacht mhór ann maidir leis na

coinníollacha chun an ceart vótála a dheonú dóibh; de bhrí go gcuirfeadh sé leis an gcomhionannas toghcháin dá dtabharfaí ceart do shaoránaigh uile an Aontais a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas a bheith rannpháirteach i dtoghcháin; de bhrí, áfach, nach mór do Bhallstáit a gcórais riaracháin a chomhordú ar bhealach níos fearr chun cosc a chur ar vótálaithe vótáil in dhá Bhallstát éagsúla;

AC. de bhrí gur mian le go leor daoine faoi mhíchumas vótáil ag stáisiún vótála; de bhrí, in 12 Bhallstát mar gheall ar rialacha náisiúnta, nach féidir aistriú ón stáisiún vótála atá sannta ar bhonn na háite cónaithe go ceann eile atá níos oiriúnaí i bhfianaise mhíchumas an vótálaí; de bhrí go sonraítear go sainráite in Airteagal 29 de UNCRPD go ngeallann Páirtithe an Stáit a áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach go héifeachtach agus go hiomlán sa saol polaitiúil agus poiblí ar bhonn comhionann le daoine eile; de bhrí gur cheart deireadh a chur le haon bhacainní ar an gceart chun vótála agus chun seasamh mar iarrthóir do dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe bacainní dlíthiúla do dhaoine fásta faoi mhíchumas a dhearbhaítear a bheith faoi éagumas dlíthiúil, lena ráthaítear inrochtaineacht le linn an phróisis toghcháin, lena n-áirítear trí chórais rannpháirtíochta bhreise a sholáthar chun an ceart chun vótála a fheidhmiú, go háirithe trí phostvótáil;

AD. de bhrí gur cheart údarás toghcháin, ag gníomhú dó mar chomhlacht neamhspleách agus a áirithíonn cur chun feidhme ceart an dlí toghcháin Eorpaigh, a chur ar bun ar leibhéal an Aontais mar líonra d'údaráis teagmhála aonair na mBallstát, toisc go n-éascófaí leis sin rochtain ar fhaisnéis maidir leis na rialacha lena rialaítear na toghcháin Eorpacha, chomh maith leis an bpróiseas a chuíchóiriú, an toghlach uile-Aontais go háirithe a bhainistiú agus agus tréith Eorpach na dtoghchán sin a fheabhsú;

AE. de bhrí go bhféadfadh vótáil tríd an bpost a chur ar chumas níos mó vótálaithe a bheith rannpháirteach agus stiúradh na dtoghchán Eorpach a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos tarraingtí do vótálaithe, agus ag an am céanna na caighdeáin cosanta sonraí is airde is féidir a áirithiú agus vótáil a choinneáil ag stáisiúin vótála mar ghnáthnós; de bhrí go bhféadfaidh na Ballstáit uirlisí vótála comhlántacha a sholáthar chun rannpháirtíocht a fheabhsú amhail seachvótáil, vótáil leictreonach nó vótáil ar an idirlíon, i gcomhréir lena dtraidisiúin náisiúnta; de bhrí gur chuir go leor comhlachtaí náisiúnta a dhéanann cosaint ar shaoirsí digiteacha amhras in iúl maidir le vótáil ar líne; de bhrí go bhfuil deacrachtaí méadaithe ag baint le vótáil ar líne maidir leis na bunphrionsabail lena rialaítear oibríochtaí toghcháin (rúndacht na ballóide, cineál pearsanta agus saor na vótála, macántacht oibríochtaí toghcháin, faireachán éifeachtach ar an vótáil agus rialú a posteriori ag an mbreitheamh toghcháin); de bhrí gur féidir na deacrachtaí sin a shárú trí chomhchreat rialúcháin agus nós imeachta rialúcháin ina n-áirithítear na caighdeáin is airde maidir le cosaint sonraí, ionracas an toghcháin, trédhearcacht, iontaofacht, rúndacht na vótála;

AF. de bhrí go mbunaítear le hAirteagal 7(1) den Ionstraim maidir le toghadh feisirí do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach an 20 Meán Fómhair 1976 "go mbeidh oifig chomhalta de Pharlaimint na hEorpa ar neamhréir le hoifig chomhalta den Choimisiún";

1. ag moladh go ndéanfaí athchóiriú ar a nós imeachta toghcháin leis an gcuspóir réimse poiblí Eorpach a mhúnlú ar bhealach nithiúil, trí íoschaighdeáin chomhchoiteanna agus athruithe reachtacha a mholadh roimh thoghcháin Eorpacha 2024;

2. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach trédhearcacht agus cuntasacht dhaonlathach na Parlaiminte a fheabhsú, trí ghné Eorpach na dtoghchán a neartú, go háirithe trí na toghcháin Eorpacha a athrú ina dtoghchán Eorpach aonair, go háirithe trí thoghlach uile-Aontais a bhunú, seachas 27 dtoghchán náisiúnta ar leithligh a bhailiú, agus is mar sin a eagraítear toghcháin Eorpacha sa lá atá inniu ann;

3. á chreidiúint gur cheart go mbeadh ról níos lárnaí ag páirtithe polaitiúla Eorpacha, comhlachais vótálaithe agus eintitis toghcháin Eorpacha eile i bpróiseas na dtoghchán Eorpach, gur cheart dóibh a bheith infheicthe go soiléir do vótálaithe, agus gur cheart tacaíocht agus cistiú leordhóthanach a thabhairt dóibh chun go gcuirfear ar a gcumas a ról a chomhlíonadh;

4. á mheabhrú go bhfuil raon de chórais toghcháin éagsúla agus de chearta vótála éagsúla ar fud an Aontais mar thoradh ar chultúir éagsúla toghcháin; á mheas gur féidir le híoschaighdeáin dhaonlathacha choiteanna sa dlí toghcháin Eorpach fíordhíospóireacht phoiblí Eorpach a chur chun cinn agus comhionannas shaoránaigh an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas: an ceart chun vótála, an ceart chun páirtí, comhlachas vótálaithe nó entitis toghcháin eile a chlárú agus an ceart chun seasamh i dtoghcháin; rochtain ar bhallóidí; iarrthóirí a chur sa iomaíocht, lena n-áirítear comhionannas inscne; inrochtaineacht vótála do gach saoránach, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas; nó an méid a tharlaíonn lá na dtoghchán;

5. á iarraidh go mbunófaí creat comhchoiteann, le tagarmharcanna agus íoschaighdeáin do rialacha toghcháin ar fud an Aontais, agus á mholadh go ndíreofaí ar chomhordú láidir le bearta náisiúnta chun croílár a thograí a chur chun feidhme;

6. ag iarraidh ar institiúidí an Aontais go ndéanfaí na tosaíochtaí, arna sainaithint ag saoránaigh an Aontais, a chur san áireamh i gcomhthéacs na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa;

7. ag tabhairt dá haire go bhfuil ról ag an gCoimisiúin mar éascaitheoir sna cainteanna institiúideacha idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir leis an athchóiriú ar an dlí toghcháin Eorpach; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach dul i mbun idirphlé cuiditheach leis an gCoimisiún, inter alia, chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an Líonra Eorpaigh um Chomhar maidir le Toghcháin, mar a bunaíodh in 2019, agus inspioráid a bhaint astu;

8. ag tabhairt chun suntais na naisc idir na bearta atá molta don athbhreithniú ar an Ionstraim Thoghcháin, agus Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 agus Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas, Nollaig 2020, de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, go háirithe na naisc idir gnéithe amhail:

- an chaoi a rialaítear toghcháin, eadhon le rialacha nach bhfuil infheidhme ach amháin laistigh de dhlínse ar leith nó an chaoi a bhféadfadh sé nár ceapadh iad agus an spás ar líne gan teorainneacha á chur san áireamh,
- an comhar idir údaráis rialála na mBallstát, a bhfuil gá é a neartú,
- trédhearcacht san fhógraíocht pholaitiúil agus sa chumarsáid pholaitiúil, ar cheart í a léiriú freisin i bhforálacha an Dlí Toghcháin;

9. á mheas gur príomhghné é an comhionannas inscne chun ionadaíocht i dtoghcháin a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi an feabhas foriomlán a tháinig ar chomhionannas inscne sna toghcháin dheireanacha, ach á chur i bhfáth go bhfuil difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit, agus nár thogh cuid acu bean ar bith sa Pharlaimint; á iarraidh go

dtabharfaí isteach bearta lena n-áiritheofar comhdheiseanna do mhná agus d’fhir a bheith tofa gan cearta daoine neamhdhénártha a shárú, trí úsáid a bhaint as liostaí zipeáilte nó cuótaí;

10. á chur in iúl gur oth léi nach ndéantar ionadaíocht ar fhormhór na mionlach náisiúnta agus teanga i bParlaimint na hEorpa de ghnáth; á chur i bhfios, i ndáil leis sin, go bhfuil bac éifeachtach ar thairseacha toghcháin do pháirtithe a dhéanann ionadaíocht ar phobail mhionlaigh a bhíonn ag feidhmiú i dtoghlaigh náisiúnta aonair nó i dtoghcheantair mhóra, ina bhfuil dlús ard daonra; á mheas, dá bhrí sin, gur cheart go bhforálfaí leis an dlí toghcháin Eorpach don fhéidearthacht díolúintí ó thairseacha arna soláthar go náisiúnta, a chuir ar fáil d’eintitis a dhéanann ionadaíocht ar mhionlaigh náisiúnta agus teanga aitheanta;

11. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go nglacfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus náisiúnta agus comhlachais vótálaithe agus eintitis toghcháin Eorpacha eile araon nósanna imeachta daonlathacha, eolasacha agus trédhearcacha chun iarrthóirí a roghnú do Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear an iarrthóir tosaigh, lena n-áiritheofar rannpháirtíocht dhíreach saoránach aonair ar comhaltaí páirtithe iad, lena n-áirítear toghadh toscairí, ach gan a bheith teoranta do thoghadh toscairí; á mheas gur cheart go mbeadh an fhaisnéis is gá maidir le hinniúlachtaí agus feidhmíocht na n-iarrthóirí uaillmhianacha ag gabháil leis an roghnú daonlathach sin;

12. á chreidiúint gur cheart cead a bheith ag vótálaithe uile na hEorpa vóta a chaitheamh dá rogha iarrthóra le haghaidh Uachtarán an Choimisiúin, agus gur cheart go mbeadh iarrthóirí tosaigh in ann seasamh i ngach Ballstát ar liostaí uile-Aontais, arna n-ainmniú ag páirtí polaitiúil Eorpach, ag comhlachas vótálaithe Eorpach nó ag eintiteas toghcháin Eorpach eile, ag cur comhchlár toghcháin ar aghaidh;

13. ag iarraidh ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha, ar chomhlachais vótálaithe Eorpacha agus ar eintitis toghcháin Eorpacha a n-iarrthóirí a ainmniú do phost Uachtarán an Choimisiúin 12 sheachtain ar a laghad roimh lá an toghcháin; á mheas gur cheart nósanna imeachta daonlathacha ceangailteacha agus trédhearcacht maidir leis an roghnú a áirithiú; ag dréim leis go gcuirfear iarrthóirí sa chéad áit ar an liosta comhfhreagrach den toghlach uile-Aontais;

14. á iarraidh go bhfeabhsófaí infheictheacht na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha, na gcomhlachas vótálaithe Eorpach agus na n-eintiteas toghcháin Eorpach eile trí fheachtais meán agus ar pháipéir bhallóide agus ar na hábhair toghcháin uile; á chinneadh gur cheart do pháirtithe náisiúnta agus comhlachais vótálaithe, i gcás inarb infheidhme, a gcleamhnacht leis na páirtithe polaitiúla Eorpacha, nó le heintitis toghcháin Eorpacha eile agus leis an iarrthóir tosaigh comhfhreagrach a léiriú le linn an fheachtais toghcháin;

15. á thabhairt dá haire go gcabhródh straitéis chomhordaithe meán ar leibhéal Eorpach chun cumhdach agus faireachán na dtoghchán Eorpach a áirithiú chun suim na saoránach iontu a mhéadú;

16. ag dréim leis go dtiocfaidh ceannairí na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na ngrúpaí parlaiminteacha ar chomhaontú maidir le léiriú comhchoiteann don Chomhairle Eorpach ar bhonn thoradh na dtoghchán Eorpach agus ar bhonn thromlach sa Pharlaimint nuathofa maidir le hiarrthóir a ainmniú d’Uachtarán an Choimisiúin; ag dréim leis go rachaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí i gcomhairle leis na ceannairí sin de chuid na n-eintiteas polaitiúil Eorpach agus na ngrúpaí parlaiminteacha chun an próiseas ainmniúcháin a chur ar an eolas; á mheas go bhféadfaí an próiseas iarrathóra tosaigh sin a chur ar bhonn foirmiúil trí chomhaontú polaitiúil idir na heintitis pholaitiúla Eorpacha agus trí Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach;

17. á mholadh go mbunófaí an cleachtas do ghrúpaí parlaiminteacha leasmhara chun ‘comhaontú reachtais’ a thabhairt i gcrích d’fhonn a áirithiú go ndéanfar obair leantach pholaitiúil ar na toghcháin Eorpacha agus mar bhealach chun tromlach a bhaint amach laistigh den Pharlaimint sula gceapfar an Coimisiún;

18. á mheas, maidir le toghlach uile-Aontais a thabhairt isteach, as a dtoghfar ochtar Feisire is fiche de Pharlaimint na hEorpa, gan difear a dhéanamh do líon na n-ionadaithe i bParlaimint na hEorpa a thoghfar i ngach Ballstát, agus ina mbeidh iarrthóir gach teaghlaigh pholaitiúil don phost mar Uachtarán ar an gCoimisiún ar bharr liostaí, go bhfuil deis ann feabhas a chur ar an ngné dhaonlathach agus thrasnáisiúnta de na toghcháin Eorpacha; á chreidiúint gur féidir an sprioc maidir le toghlach uile-Aontais a bhunú a bhaint amach má áirithítear comhionannas inscne chomh maith le cothromaíocht gheografach, trína ráthú nach gcuirfear Ballstáit bheaga faoi mhíbhuntáiste iomaíoch i gcomparáid leis na Ballstáit is mó; á mholadh, ina leith sin, ionadaíocht cheangailteach gheografach a thabhairt isteach sna liostaí don toghlach uile-Aontais, agus á mholadh do pháirtithe polaitiúla Eorpacha, comhlachais Eorpacha vótálaithe agus eintitis toghcháin Eorpacha eile iarrthóirí a cheapadh ar na liostaí uile-Aontais a thagann ó na Ballstáit uile;

19. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil bunú toghlaigh uile-Aontais ina dtoghtar Feisirí ar bhonn liostaí trasnáisiúnta ar comhréir leis na Conarthaí, agus go háirithe le hAirteagal 14(2) CAE; á mheas go bhfuil dlús polaitiúil á chur le tacaíocht do dhlí toghcháin Eorpach aonfhoirmeach le liostaí uile-Aontais, agus le córas ceangailteach d'iarrthóirí tosaigh;

20. á chreidiúint gur luamhán iad liostaí uile-Aontais is féidir a úsáid chun ionadaíochas a dhéanamh agus chun páirtithe polaitiúla Eorpacha agus comhlachais vótálaithe éifeachtacha a chruthú;

21. á mholadh forálacha comhchoiteanna lena rialaítear caiteachas atá nasctha leis an bhfeachtas toghcháin Eorpach a áireamh do gach eintiteas a nglactar leis chun críche liosta iarrthóirí d’Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa sa toghlach uile-Aontais a chur síos; á iarraidh go ndéanfar comhordú láidir leis an athbhreithniú atá ar na bacáin ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 maidir leis an ábhar sin;

22. á mheas go bhféadfar cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus eintitis toghcháin Eorpacha eile ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile a úsáid chun feachtais arna seoladh ag na heintitis toghcháin Eorpacha a mhaoiniú i gcomhthéacs na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa sa toghlach uile-Aontais ina nglacann siad féin nó a gcomhaltaí páirt; á mheas go ndéanfar cistiú agus teorannú caiteachas toghcháin sna toghlaigh náisiúnta a rialú i ngach Ballstát lena fhorálacha náisiúnta;

23. á mheabhrú go n-athraíonn an aois íosta incháilitheachta chun seasamh mar iarrthóir ar fud na 27 mBallstát ó 18 go 25 agus go n-athraíonn an aois íosta incháilitheachta chun vótáil ó 16 go 18; á iarraidh go dtabharfaí isteach aois aonair chomhchuibhithe do chearta vótála éighníomhacha agus gníomhacha, faoi seach, ar fud na mBallstát agus á mholadh dóibh aois íosta vótála a thabhairt isteach ag 16 bliana d’aois, gan dochar

d’orduithe bunreachtúla atá ann cheana lena mbunaítear aois íosta vótála ó 18 nó 17 mbliana d’aois; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go léireofaí na cearta agus na dualgais atá ag daoine óga na hEorpa cheana féin i roinnt Ballstát dá dtabharfaí ceart vótála ag aois 16 bliana d’aois;

24. Beartaíonn sé go dtabharfaí isteach an fhéidearthacht ionadaí a fháil, ar bhonn sealadach, d’Fheisirí atá ar shaoire mháithreachais, atharthachta, thuismitheoireachta agus saoire bhreoiteachta fhada;

25. á mheas gur gnéithe riachtanacha iad trédhearcacht an phróisis toghcháin agus rochtain ar fhaisnéis iontaofa chun feasacht pholaitiúil Eorpach a ardú agus chun ráta vótála toghcháin a áirithiú atá ard go leor chun a bheith ina shainordú ó na toghthóirí; á thabhairt chun suntais gur cheart saoránaigh a chur ar an eolas i bhfad roimh ré - go háirithe 12 sheachtain roimh na toghcháin - faoi na hiarrthóirí atá ag seasamh sna toghcháin Eorpacha agus faoi chleamhnacht na bpáirtithe polaitiúla náisiúnta nó na gcomhlachas toghcháin náisiúnta le páirtí polaitiúil Eorpach nó comhlachas toghcháin Eorpach;

26. á mholadh go ndéanfaí bearta a ghlacadh agus cosaintí a chur i bhfeidhm chun cur isteach eachtrach sa phróiseas toghcháin a sheachaint;

27. á thabhairt chun suntais go bhfuil éagsúlacht mhór ann i measc na mBallstát maidir leis na spriocdhátaí chun an rolla toghthóirí a thabhairt chun críche roimh thoghcháin Eorpacha; á mholadh rolla toghthóirí na hEorpa a bhunú agus caighdeán coiteann a leagan síos chun an rolla náisiúnta toghthóirí a bhunú agus a thabhairt chun críche tráth nach déanaí ná 14 seachtaine roimh lá an toghcháin, chun an fhaisnéis faoi vótálaithe a dhéanamh níos cruinne agus chun malartú faisnéise idir na Ballstáit a dhéanamh níos éasca, chomh maith le cosc ar vótáil dhúbailte a éascú, lena áirithiú go mbeidh vótáil dhúbailte den sórt sin, cibé acu an toradh ar bhotún riaracháin nó ar sháruithe ar an dlí toghcháin atá i gceist, faoi réir pionós éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach ar leibhéal náisiúnta, agus go mbíonn bearta ceartaitheacha mar thoradh ar sin ag na Ballstáit;

28. á mholadh go mbunófaí Údarás Eorpach um Thoghcháin a bheidh i gceannas ar fhaisnéis faoi na toghcháin Eorpacha a chomhordú, ar fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chaighdeáin choiteanna an dlí toghcháin Eorpaigh agus ar dhíospóidí ina leith a réiteach, ar rolla toghthóirí na hEorpa a bhainistiú, ar thorthaí na dtoghchán a fhógairt, agus ar mhaoirseacht a dhéanamh ar mhalartú faisnéise maidir le vótáil ag saoránaigh an Aontais lasmuigh dá dtír dhúchais; á mheas go bhféadfadh comhlacht den sórt sin malartú éifeachtúil faisnéise a éascú, agus go háirithe dea-chleachtas a chomhroinnt, idir comhlachtaí náisiúnta; á mholadh go mbeadh bainistiú chlár na liostaí toghcháin don toghlach uile-Aontais mar chúram bunriachtanach ar an Údarás Eorpach um Thoghcháin; á iarraidh ar na húdaráis bhuiséadacha a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Údarás Eorpach um Thoghcháin chun a chúraimí a chomhlíonadh;

29. á mholadh gur cheart íoschaighdeáin chomhchoiteanna a shainiú chun ceanglais aonfhoirmeacha a thabhairt isteach chun liostaí toghcháin a bhunú;

30. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach rochtain ar vótáil i dtoghcháin Eorpacha a éascú agus a ráthú go mbeidh gach duine a bhfuil ceart vótála acu, lena n-áirítear saoránaigh an Aontais atá ina gcónaí lasmuigh dá dtír thionscnaimh, iad siúd nach bhfuil áit chónaithe bhuan acu, iad siúd atá ina gcónaí i suíomhanna cónaithe dúnta, iad siúd a bhfuil taithí acu ar easpa dídine agus príosúnaigh, in ann an ceart sin a fheidhmiú; á iarraidh ar na Ballstáit rochtain ar fhaisnéis agus vótáil ar bhonn comhionann a áirithiú do gach saoránach, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas trí chead a thabhairt, mar shampla, áitribh oiriúnaithe a ligean ar cíos nuair nach ndéantar struchtúir phoiblí a oiriúnú;

31. á iarraidh ar na Ballstáit bearta a thabhairt isteach chun inrochtaineacht ar na toghcháin do shaoránaigh faoi mhíchumas a uasmhéadú, lena gcumhdaítear, i measc nithe eile agus i gcás inarb iomchuí, faisnéis agus clárú vótála, stáisiúin vótála, bothanna agus gairis vótála agus páipéir bhallóide; á mholadh go ndéanfar socruithe iomchuí a chur chun feidhme atá curtha in oiriúint do nósanna imeachta vótála náisiúnta chun vóta na saoránach faoi mhíchumas a éascú, amhail an deis stáisiúin vótála, stáisiúin vótála dúnta i bpríomháiteanna, agus úsáid teicneolaíochtaí cúnta, formáidí agus teicnící amhail Braille, cló mór, faisnéis fuaimebhunaithe, stionsail thadhlacha, faisnéis atá éasca le léamh agus cumarsáid i dteanga chomharthaíochta a roghnú; á iarraidh ar na Ballstáit cúnamh a cheadú do dhaoine faoi mhíchumas vótáil trí dhuine dá rogha féin, i gcás inar gá agus arna iarraidh sin dóibh;

32. á iarraidh ar na Ballstáit ceanglais chomhchoiteanna a thabhairt isteach lena gceadófar do shaoránaigh uile an Aontais atá ina gcónaí nó atá ag obair i dtríú tír an ceart a thabhairt dóibh a vóta a chaitheamh i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa;

33. á chreidiúint gur gá postvótáil a thabhairt isteach do vótálaithe nach bhfuil in ann dul chuig na stáisiúin vótála ar lá an Toghcháin, agus go bhféadfadh sé sin stiúradh na dtoghchán Eorpach a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos tarraingtí do vótálaithe in imthosca sonracha nó eisceachtúla; á iarraidh ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar uirlisí comhlántacha feabhsaithe a thabhairt isteach amhail réamhvótáil fhisiciúil agus seachvótáil, chomh maith le vótáil leictreonach agus vótáil ar líne, i gcomhréir lena dtraidisiúin náisiúnta féin, agus moltaí Chomhairle na hEorpa sna réimsí sin á gcur san áireamh agus le cosaintí iomchuí chun iontaofacht, sláine agus rúndacht na vótála, inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, trédhearcacht i ndearadh agus in úsáid córas leictreonach agus idirlín a áirithiú, an fhéidearthacht maidir le hathchomhaireamh láimhe nó leictreonach gan rúndacht an vóta a chur i mbaol, agus cosaint sonraí pearsanta i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme;

34. á chreidiúint go gcruthófaí toghchán uile-Eorpach níos comhleanúnaí dá mbunófaí lá vótála comhchoiteann Eorpach agus, dá bhrí sin, á mholadh go socrófaí an 9 Bealtaine mar lá Toghcháin Eorpaigh, beag beann ar lá na seachtaine ina mbeidh sé, agus leis an bhféidearthacht go mbeadh an lá sin ina lá saoire poiblí; á mheas go bhfuil sé tábhachtach go bhfógrófaí na chéad réamh-mheastacháin oifigiúla maidir le torthaí na dtoghchán ag an am céanna sna Ballstáit go léir ar an lá toghcháin ag 21:00 Am Lár na hEorpa;

35. á mheas go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú, tar éis gach toghcháin, go ndéanfar tuarascáil cur chun feidhme a tharraingt suas leis an aidhm meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na dtoghchán Eorpach mar aon le feabhsuithe a mholadh, más gá;

36. ag moladh go ndéanfaí athchóiriú ar na Conarthaí chun oifig comhalta den Choimisiún Eorpach agus oifig Feisire de Pharlaimint na hEorpa a chomhoiriúnú sa tréimhse idir bunú na Parlaiminte agus toghadh an Choimisiúin;

37. á iarraidh go ndéanfaí athchóiriú ar na Conarthaí, agus go háirithe ar Airteagal 223 CFAE maidir leis na forálacha is gá chun Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, ag bogadh ó aontoilíocht na Comhairle agus ó dhaingniú náisiúnta go dtí cinnteoireacht trí thromlach cáilithe sa Chomhairle;

38. ag glacadh leis an togra atá i gceangal agus á chur faoi bhráid na Comhairle;

39. á threorú dá hUachtarán an rún reachtach seo mar aon leis an togra atá i gceangal leis seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an

gCoimisiún agus chuig parlaimintí agus rialtais na mBallstát.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle agus an Ionstraim maidir le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 223(1) de,

Ag féachaint don togra ó Pharlaimint na hEorpa,

Tar éis di an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Ionstraim maidir le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach[1] ('an Ionstraim Thoghcháin'), atá i gceangal le Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom, ón gComhairle[2], i bhfeidhm an 1 Iúil 1978 agus leasaíodh í ina dhiaidh sin le Cinneadh 2002/772/CE, Euratom ón gComhairle[3] agus le Cinneadh (AE, Euratom) 2018/994 ón gComhairle[4].

(2) De réir Airteagal 223(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

---

1 IO L 278, 8.10.1976, lch. 5.

2 Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 1976 (IO L 278, 8.10.1976, lch. 1).

3 Cinneadh 2002/772/CE, Euratom ón gComhairle an 25 Meitheamh agus an 23 Meán Fómhair 2002 lena leasaítear an Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, atá i gceangal le Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom (IO L 283, 21.10.2002, lch. 1).

4 Cinneadh (AE, Euratom) 2018/994 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 lena leasaítear an Ionstraim maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, atá i gceangal le Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 1976 (IO L 178, 16.7.2018, lch 1), nach bhfuil i bhfeidhm.

leagann an Chomhairle síos na forálacha is gá do thoghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa ar thogra arna tharraingt suas ag Parlaimint na hEorpa.

(3) Bunaítear le hAirteagal 8 CFAE prionsabal an phríomhshruthaithe inscne trínar cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an Aontas deireadh a chur le neamhionannais inscne agus comhionannas inscne a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí go léir.

(4) Le Conradh Liospóin, ní hamháin gur tugadh cumhacht tionscnaimh do Pharlaimint na hEorpa maidir leis na forálacha a bhaineann lena Fheisirí a thoghadh, ach tá athrú tagtha freisin ar chineál shainordú na bhFeisirí de Pharlaimint na hEorpa, rud a fhágann go bhfuil siad ina n-ionadaithe díreacha ar shaoránaigh an Aontais. Is athruithe bunúsacha iad sin ba cheart a léiriú i ndlí toghcháin Eorpach nuachóirithe trí ghnéithe nua a chur isteach arb é is aidhm dóibh dlisteanacht dhaonlathach a fheabhsú agus fairsinge ról agus inniúlachtaí Pharlaimint na hEorpa a léiriú ar bhealach níos cruinne.

(5) In ainneoin fhorálacha na hIonstraime Toghcháin, eagraítear toghcháin do Pharlaimint na hEorpa den chuid is mó i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta, rialacha atá an-éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, rud a fhágann go bhfuil raon córas éagsúil toghcháin ann. Bíonn toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ar siúl ar laethanta éagsúla, agus caitear vótaí do pháirtithe náisiúnta le hiarrthóirí náisiúnta ar bhonn cláir náisiúnta. Dá ndéanfaí na córais toghcháin éagsúla sin a chomhfhogasú trí dhlí toghcháin Eorpach níos aontaithe a ghlacadh bunaithe ar phrionsabail agus rialacha comhchoiteanna soiléire, d'áiritheofaí comhionannas do shaoránaigh uile an Aontais, agus neartófaí réimse poiblí na hEorpa.

(6) Is cuid den chóras polaitiúil i go leor Ballstát iad tairseacha toghcháin agus rannchuidíonn siad le forbairt dinimic seasmhach an rialtais agus an fhreasúra laistigh de Pharlaimintí. Chun iomaíocht pholaitiúil chothrom a chosaint, níor cheart go mbeadh na tairseacha sin níos mó ná 5 %.

(7) Le tairseacha toghcháin, níor cheart difear a dhéanamh don seans atá ann do mhionlaigh náisiúnta agus teanga aitheanta a bheith rannpháirteach i saol polaitiúil an Aontais agus ionadaíocht a bheith acu i bParlaimint na hEorpa. Ba cheart do mhionlaigh náisiúnta nó teanga aitheanta leas a bhaint as díolúintí ó aon tairseacha a chuirtear ar fáil ar leibhéal náisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith ag díolúintí ó thairseacha náisiúnta freisin maidir le páirtithe polaitiúla nó comhlachais vótálaithe a ritheann i dtoghcháin Eorpacha i gceathrú cuid de na Ballstáit a bhfuil ainmneacha agus lógónna na n-eintiteas Eorpach a bhfuil siad cleamhnaithe leo san áireamh ina gcuid páipéar ballóide.

(8) De réir Airteagal 17(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), is í an Chomhairle Eorpach a mholfaidh an t-iarrthóir ar Uachtaránacht an Choimisiúin, ag féachaint do na toghcháin Eorpacha, agus ansin is í Parlaimint na hEorpa a thoghfaidh an tUachtarán. Chun léiriú iomchuí a thabhairt don cheart sin, ba cheart an réimse poiblí Eorpach a fhorbairt ar bhealach ina mbeadh cead ag gach vótálaí Eorpach an t-iarrthóir is fearr leo d'Uachtarán an Choimisiúin a chur in iúl. Chun go dtarlóidh sé sin, ní mór do na hiarrthóirí tosaigh arna n-ainmniú ag páirtithe polaitiúla Eorpacha, ag comhlachais

vótálaithe Eorpacha nó ag eintitis toghcháin Eorpacha eile, a bheith in ann seasamh le clár toghcháin comhchoiteann i ngach Ballstát. D'fhonn tromlach a áirithiú laistigh den Pharlaimint sula gceapfar an Coimisiún, ba cheart do ghrúpaí parlaiminteacha leasmhara cleachtas a bhunú chun "comhaontuithe reachtacha" a thabhairt i gcrích lena n-áiritheofar go ndéanfar obair leantach pholaitiúil ar na toghcháin Eorpacha. Trí phróiseas, ar cheart é a chur ar bhonn foirmiúil ar bhonn comhaontú polaitiúil idir na heintitis pholaitiúla Eorpacha, ba cheart a chur de chúram ar an iarrthóir tosaigh a bhfuil an líon foriomlán is airde suíochán faighte ag a eintiteas polaitiúil Eorpach tromlach comhghuaillíochta a bhunú sa Pharlaimint nuathofa ar dtús maidir le hiarrthóir a ainmniú d'oifig Uachtarán an Choimisiúin. Sa chás nach féidir tromlach comhrialtais a bhaint amach, ba cheart an tasc a shannadh don chéad iarrthóir tosaigh eile. Chun eolas a dhéanamh don phróiseas ainmniúcháin, ba cheart d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí dul i gcomhairle le ceannairí na n-eintiteas polaitiúil Eorpach agus na ngrúpaí parlaiminteacha sin. D'fhéadfaí próiseas an iarrthóra tosaigh a chur ar bhonn foirmiúil trí bhíthin comhaontú polaitiúil idir na heintitis pholaitiúla Eorpacha agus trí bhíthin Comhaontú Idirinstitiúideach idir an Pharlaimint agus an Chomhairle Eorpach.

(9) Ba cheart toghlach uile-Aontais, ina mbeadh iarrthóir gach teaghlaigh pholaitiúil d'Uachtarán an Choimisiúin ar bharr na liostaí, a chruthú de bhreis ar na toghlaigh náisiúnta, chun gné dhaonlathach agus uile-Eorpach na dtoghchán Eorpach a fheabhsú. Ba cheart an toghlach uile-Aontais sin a bheith faoi réir rialacha mionsonraithe agus soiléire lena n-áirithítear go n-urramaíonn liosta na n-iarrthóirí prionsabail an chomhionannais inscne agus na comhréireachta geografaí agus na hionadaíochais, agus go háirithe go gcuirtear leasanna na mBallstát beag agus meánmhéide san áireamh go hiomlán.

(10) Tá ról lárnach ag páirtithe polaitiúla Eorpacha, comhlachais Eorpacha vótálaithe agus eintitis toghcháin Eorpacha eile chun díospóireacht pholaitiúil fíor-Eorpach a chothú. De réir Airteagal 10(4) CAE, "[r]annchuidíonn páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl". Dá bhrí sin, ba cheart ról níos lárnaí a bheith ag páirtithe polaitiúla Eorpacha, comhlachais Eorpacha vótálaithe agus eintitis toghcháin Eorpacha eile i bpróiseas na dtoghchán Eorpach. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a thabhairt dóibh páirt iomlán a ghlacadh i bhfeachtais toghcháin Eorpacha, agus liostaí uile-Aontais a chur síos, ionas go mbeidh siad ar eolas ag toghthóirí agus níos infheicthe dóibh, ar pháipéir bhallóide agus in ábhair feachtais agus foilseacháin araon.

(11) Ba cheart na coinníollacha maidir le roghnú iarrthóirí agus maidir le hiarrthóireachtaí a chur isteach a bheith réasúnach, cothrom, daonlathach, comhréireach agus ba cheart go n-urramófaí leo na prionsabail a leagtar síos le Cód Dea-Chleachtais maidir le hÁbhair Thoghcháin an Choimisiúin Eorpaigh de chuid Chomhairle na hEorpa maidir le Daonlathas tríd an Dlí (Coimisiún na Veinéise). Ina theannta sin, sa phlean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach[1], tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún rochtain ar rannpháirtíocht dhaonlathach a chur chun cinn, lena mbaineann

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún maidir leis an bplean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach (COM(2020)0790).

cuimsitheacht agus comhionannas sa rannpháirtíocht dhaonlathach, chomh maith le cothromaíocht inscne sa pholaitíocht agus sa chinnteoireacht. Ina straitéis 2020-2025 maidir le comhionannas inscne[1], luaigh an Coimisiún go bhfuil "comhdheiseanna rannpháirtíochta bunriachtanach don daonlathas ionadaíoch ar gach leibhéal". Is príomhghnéithe iad an comhionannas inscne chomh maith le nósanna imeachta daonlathacha trédhearcacha agus cinntí eolasacha chun iarrthóirí a roghnú sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear an iarrthóir tosaigh, chun cothrom na Féinne a áirithiú do na heintitis toghcháin Eorpacha uile agus chun ionadaíochas agus daonlathas a threisiú. Ar chúiseanna comhionannais, ba cheart feidhm a bheith ag na prionsabail sin maidir le gach liosta iarrthóirí sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa sna toghlaigh náisiúnta agus sa toghlach uile-Aontais araon.

(12) Tá trédhearcacht an phróisis toghcháin agus rochtain ar fhaisnéis iontaofa thráthúil faoi vótálaithe agus faoi iarrthóirí tábhachtach chun iontaofacht an phróisis toghcháin a áirithiú, chun feasacht pholaitiúil Eorpach a ardú agus chun ráta ard vótála a bhaint amach. Tá sé tábhachtach malartú faisnéise faoi vótálaithe a éascú idir na Ballstáit chun an vótáil dhúbailte a sheachaint. Ina theannta sin, ba cheart saoránaigh an Aontais a chur ar an eolas faoi na hiarrthóirí atá ag seasamh sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, agus i gcás inarb infheidhme faoi chleamhnacht na bpáirtithe polaitiúla náisiúnta le páirtí polaitiúil Eorpach, i bhfad roimh na toghcháin sin. Is gá, dá bhrí sin, liosta toghthóirí Eorpacha agus teorainneacha ama éigeantacha a bhunú chun rolla toghthóirí a bhunú ar leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta agus chun liostaí na n-iarrthóirí a bhunú.

(13) Údarás Eorpach um Thoghcháin a fheidhmíonn sainordú neamhspleách agus atá comhdhéanta de chomhaltaí a bhfuil an saineolas agus an taithí riachtanach is gá acu, tá sé sár-riachtanach chun an toghlach uile-Aontais a bhainistiú. Ba cheart a áireamh ar phríomhchúraimí an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus díospóidí a réiteach i ndáil le caighdeáin choiteanna an dlí toghcháin Eorpaigh; rolla toghthóirí na hEorpa a bhainistiú; torthaí an toghcháin a fhógairt; agus malartú éifeachtúil faisnéise agus dea-chleachtas idir comhlachtaí náisiúnta a áirithiú.

(14) Chun a áirithiú go mbeidh cistí leordhóthanacha ag eintitis toghcháin Eorpacha chun a dteachtaireachtaí agus a gcláir pholaitiúla a chur in iúl do shaoránaigh an Aontais, ba cheart cistí leordhóthanacha a chur ar fáil don fheachtas toghcháin sa toghlach uile-Aontais.

(15) Chun rannpháirtíocht vótálaithe i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a spreagadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh don phostvótáil agus d'fhéadfadh siad réamhvótáil fhisiciúil agus seachvótáil a cheadú freisin. Agus na moltaí ón gComhairle ina leith sin á gcur san áireamh, agus chun lántairbhe a bhaint as na féidearthachtaí a ghabhann le forbairtí teicneolaíocha, d'fhéadfadh na Ballstáit vótáil leictreonach agus ar líne a cheadú freisin, agus inrochtaineacht na gcóras leictreonach agus idirlín,

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún dar teideal 'Aontas Comhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025' (COM(2020)0152).

iontaofacht na dtorthaí leis an bhféidearthacht go bhféadfaí athchomhaireamh a dhéanamh, rúndacht na vótála, cosaint sonraí pearsanta, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme, agus trédhearcacht iomlán i ndearadh agus in úsáid na gcóras leictreonach agus idirlín á n-áirithiú, chomh maith le hinrochtaineacht a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas agus do gach saoránach.

(16) Tá sé de cheart ag saoránaigh an Aontais páirt a ghlacadh i saol daonlathach an Aontais, go háirithe trí vótáil nó trí sheasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Ba cheart an ceart chun vótála agus chun seasamh mar iarrthóir, agus rochtain ar fhaisnéis agus ar vótáil a áirithiú freisin ar bhonn comhionann do gach saoránach, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun a cheadú do shaoránaigh uile an Aontais an ceart chun vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú, lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí nó atá ag obair i dtíortha lasmuigh den Aontas, nach bhfuil áit chónaithe bhuan acu, atá gan dídean, a bhfuil pianbhreith príosúnachta á chur isteach acu san Aontas nó atá ina gcónaí i suíomhanna cónaithe dúnta amhail ospidéil, institiúidí síciatracha agus suíomhanna cúraim sláinte eile, tithe scoir agus altranais do sheandaoine nó suíomhanna cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a thabhairt isteach, ionas go mbeidh daoine atá ina gcónaí i suíomhanna cónaithe dúnta in ann a gceart vótála a fheidhmiú. Ba cheart riachtanais speisialta na ndaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh agus rochtain ar fhaisnéis, ar ábhair vótála agus ar shaoráidí vótála á n-áirithiú.

(17) Athraíonn an aois íosta chun an ceart vótála agus an ceart chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú ar fud na 27 mBallstát ó 16 go 18. Ba cheart aois chomhchuibhithe amháin le haghaidh vótála agus seasamh mar iarrthóir a thabhairt isteach ar fud an Aontais chun comhionannas a áirithiú agus chun idirdhealú a sheachaint maidir le rochtain ar na cearta fíorbhunúsacha sibhialta agus polaitiúla sin. Gan dochar d'orduithe bunreachtúla atá ann cheana lena mbunaítear aois íosta vótála ag 18 nó 17 mbliana d'aois, ba cheart an aois íosta le haghaidh vótála a shocrú ag 16 bliana d'aois. Ba cheart an aois íosta chun seasamh mar iarrthóir a shocrú ag 18 mbliana d'aois. Beag beann ar a n-inniúlacht dhlíthiúil, ba cheart cearta polaitiúla a bheith ag gach duine faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile.

(18) Tá éagsúlacht mhór idir na Ballstáit maidir leis na spriocdhátaí chun liostaí na n-iarrthóirí a chur síos do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa agus chun na rollaí toghthóirí a bhunú roimh thoghcháin Eorpacha. Chun a áirithiú go mbeidh an t-am céanna ar fáil ag iarrthóirí agus ag vótálaithe ar fud an Aontais le haghaidh feachtais nó le haghaidh machnaimh, agus chun malartú faisnéise a éascú idir na Ballstáit maidir le vótálaithe, ba cheart na sprioc-amanna chun liostaí na n-iarrthóirí a chur síos agus chun na rollaí toghthóirí a bhunú a bheith mar an gcéanna ar fud an Aontais.

(19) Chun a áirithiú go mbeidh páirtithe polaitiúla Eorpacha, comhlachais vótálaithe Eorpacha agus eintitis toghcháin Eorpacha eile infheicthe go leor, tá gá le rialacha soiléire agus trédhearcacha maidir le feachtasaíocht agus maidir le hábhair toghcháin oifigiúla. Ba cheart go gcuirfeadh rialacha den sórt sin ar chumas páirtithe polaitiúla Eorpacha, comhlachais vótálaithe Eorpacha agus eintitis toghcháin Eorpacha eile aon chineál ábhar cumarsáide poiblí agus ábhar feachtais toghcháin a úsáid. Ba cheart go gcuirfeadh rialacha den sórt sin ar chumas páirtithe polaitiúla Eorpacha, comhlachais vótálaithe Eorpacha agus eintitis toghcháin Eorpacha eile a gcleamhnachtaí a chur in iúl in aon chineál cumarsáide poiblí, in ábhair feachtais toghcháin agus in ábhair oifigiúla toghcháin amhail páipéir bhallóide. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna do pháirtithe polaitiúla Eorpacha, do chomhlachas vótálaithe Eorpach agus d'eintitis toghcháin Eorpacha eile maidir leis an bhfeachtas toghcháin a bhaineann leis an toghlach uile-Aontais.

(20) Le hIonstraim Thoghcháin 1976, bunaíodh tréimhse chomhchoiteann thoghcháin, a

thugann an chumhacht do na Ballstáit an dáta beacht agus an t-am a shocrú do na toghcháin laistigh den tréimhse sin. Chun go mbeidh toghchán uile-Eorpach ann i ndáiríre, ní mór lá vótála Eorpach comhchoiteann a bheith ann. Ba cheart na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a reáchtáil an 9 Bealtaine, Lá na hEorpa, chun comóradh Dhearbhú Schuman an 9 Bealtaine 1950 a cheiliúradh. Ba cheart don Údarás Toghcháin Eorpach torthaí an toghcháin a fhógairt agus a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(21) Maidir le feisirí de Pharlaimint na hEorpa a thoghtar as na toghlaigh náisiúnta, i gcás go n-éireoidh sé nó sí as nó go bhfaighidh sé nó sí bás, nó go dtarraingítear siar a shainordú nó a sainordú, ba cheart an folúntas a thiocfaidh as sin a líonadh i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. Ba cheart don chéad iarrthóir eile ar na liostaí ábhartha, arna dtoghadh sa toghlach uile-Aontais, folúntais i suíocháin Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a líonadh. Ba cheart go bhféadfaí ionadaithe ar bhonn sealadach a chur in áit Feisirí de Pharlaimint na hEorpa freisin i gcásanna saoire máithreachais, saoire atharthachta, saoire do thuismitheoirí agus saoire bhreoiteachta thromchúiseach.

(22) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis na ceanglais theicniúla, lena n-áirítear an fhormáid agus na sonraí atá le soláthar, chun rolla toghthóirí na hEorpa a bhunú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(23) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon na forálacha is gá a bhunú chun Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh trí vótáil chomhchoiteann dhíreach i gcomhréir le nós imeachta toghcháin aonfhoirmeach maidir leis an toghlach uile-Aontais agus le prionsabail is coiteann do na Ballstáit uile, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

**Ábhar**

Bunaítear leis an Rialachán seo na forálacha is gá chun Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh trí vótáil chomhchoiteann dhíreach i gcomhréir le nós imeachta aonfhoirmeach toghcháin maidir leis an toghlach uile-Aontais dá dtagraítear in Airteagal 15 agus le prionsabail is coiteann do na Ballstáit uile.

Airteagal 2

1 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'páirtí polaitiúil' comhlachas saoránach a shaothraíonn cuspóirí polaitiúla agus a aithnítear i ndlíchóras Ballstáit amháin ar a laghad, nó atá bunaithe i gcomhréir leis an dlíchóras sin, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus lena n-áirítear iad siúd a bhfuil sé ar intinn acu comhghuaillíocht Eorpach de pháirtithe polaitiúla náisiúnta agus/nó comhlachais náisiúnta vótálaithe a bhunú nó dul isteach ann chun liosta iarrthóirí a chur síos don toghlach uile-Aontais agus feachtasaíocht a dhéanamh ann;

(2) ciallaíonn 'comhlachas vótálaithe' comhlachas saoránach a shaothraíonn cuspóirí polaitiúla agus, seachas a bheith bunaithe mar pháirtí polaitiúil, atá cláraithe mar chomhlachas saoránach i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear na comhlachais sin a bhfuil sé beartaithe acu comhghuaillíocht Eorpach de pháirtithe polaitiúla náisiúnta agus/nó comhlachais vótálaithe a bhunú nó dul isteach inti chun liosta iarrthóirí a chur síos don toghlach uile-Aontais agus feachtasaíocht a dhéanamh ann;

(3) ciallaíonn 'comhghuaillíocht Eorpach de pháirtithe polaitiúla náisiúnta agus/nó comhlachais vótálaithe' comhaontas toghcháin de pháirtithe polaitiúla náisiúnta agus/nó de chomhlachais náisiúnta vótálaithe, atá cláraithe in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, arna slánú suas go dtí an tslánuimhir is gaire i gcás inar gá, a chuireann síos liosta iarrthóirí don toghlach uile-Aontais, agus a dhéanann feachtasaíocht don toghlach sin;

(4) ciallaíonn 'páirtí polaitiúil Eorpach' comhaontas polaitiúil de pháirtithe polaitiúla náisiúnta a shaothraíonn cuspóirí polaitiúla agus atá cláraithe leis An tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 chun liosta iarrthóirí don toghlach uile-Aontais a chur síos agus feachtasaíocht a dhéanamh ann;

(5) ciallaíonn 'comhlachas Eorpacha vótálaithe' comhlachas trasnáisiúnta saoránach atá cláraithe in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, arb ionann é agus 0.02 % ar a laghad den daonra vótála sna Ballstáit ábhartha, a shaothraíonn cuspóirí polaitiúla, ach nach bhfuil bunaithe mar pháirtí polaitiúil Eorpach, agus a aithnítear chun críche liosta iarrthóirí don toghlach uile-Aontais a chur síos agus feachtasaíocht a dhéanamh sa toghlach uile-Aontais;

(6) ciallaíonn 'comhghuaillíocht toghcháin Eorpach' comhaontas toghcháin de dhá pháirtí pholaitiúla Eorpacha nó níos mó agus/nó comhlachais vótálaithe Eorpacha a chuireann liosta iarrthóirí ar fáil don toghlach uile-Aontais agus a bhíonn i mbun feachtasaíochta sa toghlach sin, a bhféadfaidh páirtithe polaitiúla náisiúnta agus/nó comhlachais vótálaithe náisiúnta a bheith páirteach ann, ar choinníoll nach bhfuil siad cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach;

---

1 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 317, 4.11.2014, lch. 1).

(7) ciallaíonn 'comhaontas pholaitiúil' comhar struchtúrtha idir páirtithe polaitiúla agus/nó saoránaigh i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014;

(8) ciallaíonn ‘eintiteas toghcháin Eorpach’ chomhghuaillíocht Eorpach de pháirtithe polaitiúla náisiúnta agus/nó comhlachais vótálaithe, páirtí polaitiúil Eorpach, comhlachas Eorpach vótálaithe, comhghuaillíocht toghcháin Eorpach nó comhaontas polaitiúil;

(9) ciallaíonn ‘liosta uile-Aontais’ liosta na n-iarrthóirí a chuireann eintiteas toghcháin Eorpach isteach sa toghlach uile-Aontais.

Airteagal 3

**Forálacha náisiúnta**

Beidh an nós imeachta toghcháin chun Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh á rialú ag an Rialachán seo. Déanfar ábhair nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo a rialú i ngach Ballstát lena fhorálacha náisiúnta.

Ní dhéanfaidh na forálacha náisiúnta sin difear do chineál comhréireach an chórais vótála.

Áiritheoidh siad ar aon nós go n-urramófar caighdeáin dhaonlathacha, as a dtiocfaidh ceanglais dhaonlathacha agus chomhréireacha maidir le páirtí polaitiúil nó comhlachas vótálaithe a chlárú agus maidir le liosta iarrthóirí a thíolacadh do na toghlaigh náisiúnta agus don toghlach uile-Aontais.

Airteagal 4

**An ceart vótála**

1. Beidh an ceart vótála ag gach saoránach den Aontas atá 16 bliana d’aois, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, beag beann ar a n-inniúlacht dhlíthiúil, i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa gan dochar d’orduithe bunreachtúla atá ann cheana lena mbunaítear aois íosta vótála 18 mbliana d’aois nó 17 mbliana d’aois.

2. Ní vótálfaidh aon saoránach den Aontas, atá i dteideal vóta a chaitheamh, níos mó ná uair amháin in aon toghchán d’Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa sna toghlaigh náisiúnta nó sa toghlach uile-Aontais.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh vótáil dhúbailte sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa faoi réir pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha.

Airteagal 5

**An ceart chun seasamh mar iarrthóir**

1. Beidh an ceart ag gach saoránach den Aontas ó 18 mbliana d’aois ar aghaidh seasamh mar iarrthóir do na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa i dtoghlach náisiúnta nó i dtoghlach uile-Aontais, nó sa dá cheann.

2. Ní bheidh aon saoránach den Aontas atá i dteideal seasamh mar iarrthóir ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i níos mó ná toghlach náisiúnta amháin ná ní bheidh sé nó sí ar níos mó ná liosta amháin do thoghlach náisiúnta nó ar níos mó ná liosta amháin uile-Aontais in aon toghchán do Pharlaimint na hEorpa.

Airteagal 6

**Ceart vótála a fheidhmiú**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh saoránaigh uile an Aontais, lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí nó atá ag obair i dtríú tír, iad siúd nach bhfuil áit chónaithe bhuan acu, iad siúd atá ina gcónaí i suíomhanna cónaithe dúnta, iad siúd atá gan dídean nó iad siúd a bhfuil pianbhreith príosúnachta á chur isteach acu san Aontas, in ann a gceart vótála i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú.

2. Maidir leis na saoránaigh sin a bhfuil pianbhreith príosúnachta á chur isteach acu san Aontas, ní dochar mír 1 don dlí náisiúnta nó do chinntí cúirte a thugtar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Airteagal 7

**Inrochtaineacht**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain chomhionann ag gach saoránach, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, ar ábhair ábhartha, ar shaoráidí vótála agus ar stáisiúin vótála.

2. Bunaithe ar a gcórais vótála náisiúnta, cuirfidh na Ballstáit socruithe iomchuí i bhfeidhm a mbeidh sé mar aidhm leo feidhmiú an chirt vótála ag daoine faoi mhíchumas a éascú, go neamhspleách agus faoi rún.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh daoine faoi mhíchumas, arna iarraidh sin dóibh, cúnamh chun vótáil ó dhuine dá rogha féin.

Airteagal 8

**Postvótáil**

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le postvótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear do shaoránaigh atá ina gcónaí i dtríú tír, agus glacfaidh siad bearta lena n-áiritheofar go mbeidh postvótáil inrochtana, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas. Glacfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun iontaofacht agus rúndacht na vótála, agus cosaint sonraí pearsanta a áirithiú i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme.

2. Féadfaidh na Ballstáit féidearthachtaí breise vótála a sholáthar trí réamhvótáil fhisiciúil, trí sheachvótáil agus trí vótáil trí chórais leictreonacha agus idirlín.

I gcás vótála leictreonaí, ar an idirlíon agus seachvótála, glacfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun iontaofacht, sláine agus rúndacht na vótála, trédhearcacht i ndearadh agus in úsáid na gcóras leictreonach agus idirlín, an fhéidearthacht go ndéanfaí athchomhaireamh de láimh nó go leictreonach a áirithiú gan cur isteach ar rúndacht na vótála ná ar chosaint sonraí pearsanta i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme.

Airteagal 9

**Bunú na rollaí náisiúnta toghthóirí agus an rolla toghthóirí Eorpach**

1. Chun vótáil dhúbailte sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a bhrath agus a sheachaint, is é an spriocdháta do bhunú an rolla toghthóirí i ngach Ballstát tráth nach déanaí ná 14 seachtaine roimh lá an Toghcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(1). Is féidir earráidí ar rolla na dtoghthóirí a cheartú go dtí lá an Toghcháin.

2. Chun an rolla toghthóirí na hEorpa a bhunú, soláthróidh na húdaráis náisiúnta inniúla na sonraí uile is gá don Údarás Eorpach um Thoghcháin i gcomhréir le hAirteagal 18. Déanfar na critéir a bheidh le clárú ar an rolla náisiúnta toghthóirí a rialú le forálacha náisiúnta.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na ceanglais theicniúla, lena n-áirítear an fhormáid agus na sonraí atá le soláthar chun liosta toghthóirí na hEorpa a bhunú chun mír 2 den Airteagal seo a chur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 29.

Airteagal 10

**Prionsabail roghnúcháin na n-iarrthóirí**

1. Déanfaidh gach páirtí polaitiúil, comhlachas vótálaithe, comhghuaillíochtaí toghcháin agus eintitis toghcháin Eorpacha atá rannpháirteach i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa nósanna imeachta daonlathacha, trédhearcacht agus comhionannas inscne a urramú, trí bhearta a bhfuil sé d’aidhm acu a áirithiú go mbeidh comhdheiseanna ag gach duine incháilithe a bheith tofa, agus comhdhéanamh de chuid Pharlaimint na hEorpa a léiríonn éagsúlacht an Aontais Eorpaigh, agus a n-iarrthóirí á roghnú le haghaidh toghchán do Pharlaimint na hEorpa. Bainfear amach comhionannas inscne ag brath ar chórais toghcháin na mBallstát agus ar aon nós sa toghlach uile-Aontais trí úsáid a bhaint as liostaí zipeáilte nó cuótaí, gan cearta daoine neamhdhénártha a shárú.

2. Féadfaidh comhalta de pháirtí polaitiúil, comhlachas vótálaithe nó eintiteas toghcháin Eorpach gearán réasúnaithe maidir le neamhchomhlíonadh na nósanna imeachta daonlathacha, trédhearcachta agus critéir chomhionannais inscne a leagtar síos san Airteagal seo, a chur faoi bhráid an údaráis náisiúnta atá freagrach nó an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin.

Airteagal 11

**Liostaí na n-iarrthóirí a chur síos**

1. 12 sheachtain roimh lá an Toghcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(1) a bheidh mar sprioc-am chun liostaí na n-iarrthóirí a chur síos do thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

2. Tráth nach déanaí ná 12 sheachtain roimh lá an Toghcháin, soláthróidh na heintitis toghcháin Eorpacha doiciméad don Údarás Eorpach um Thoghcháin lena léireofar go dtoilíonn na hiarrthóirí uile go gcuirfí san áireamh iad ar an liosta uile-Aontais. Áireofar sa doiciméad sin ainmneacha iomlána na n-iarrthóirí agus a gcárta aitheantais nó a n-uimhreacha pas. Síneoidh na hiarrthóirí é agus léireofar ann dáta agus áit an tsínithe.

Airteagal 12

**Córas toghcháin**

1. Is trí vótáil chomhchoiteann dhíreach a dhéanfar na toghcháin agus beidh siad comhionann, saor agus rúnda. Beidh dhá vóta ag gach vótálaí, ceann amháin chun Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh sna toghlaigh náisiúnta agus ceann eile chun Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh sa toghlach uile-Aontais.

2. Toghfar feisirí de Pharlaimint na hEorpa mar ionadaithe do shaoránaigh an Aontais ar bhonn na hionadaíochta cionmhaire, sna toghlaigh náisiúnta agus sa toghlach uile-Aontais.

3. Sna toghlaigh náisiúnta, toghfar Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí úsáid a bhaint as aon chóras náisiúnta ionadaíochta cionmhaire a bhaintear úsáid as sna Ballstáit go coitianta.

4. Sa toghlach uile-Aontais, toghfar Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí úsáid a bhaint as an gcóras liostaí iata.

Airteagal 13

**Tairseach thoghcháin**

1. Féadfaidh na Ballstáit íostairseach a leagan síos maidir le leithdháileadh suíochán. Ar an leibhéal náisiúnta, ní rachaidh an tairseach sin thar 5 % de na vótaí bailí a caitheadh.

2. Maidir le toghlaigh náisiúnta, ina bhfuil níos mó ná 60 suíochán, socrófar tairseach agus ní bheidh sé níos lú ná 3.5 % de na vótaí bailí a chaitear sa toghlach lena mbaineann.

3. Ní dochar na tairseacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 do dhíolúintí arna ndéanamh sa dlí náisiúnta do pháirtithe polaitiúla nó do chomhlachais vótálaithe a dhéanann ionadaíocht ar mhionlaigh náisiúnta nó teanga aitheanta.

4. Déanfar díolúine ó thairseacha náisiúnta a leagtar síos i mír 2 do pháirtithe polaitiúla nó comhlachais vótálaithe, atá cláraithe sa cheathrú cuid de na Ballstáit agus a fhaigheann

milliún vóta ar a laghad ar fud an Aontais, a áiríonn ina bpáipéar ballóide náisiúnta ainm agus lógó aonair an eintitis toghcháin Eorpaigh a bhfuil siad cleamhnaithe leis, agus nuair is iomchuí, arna chur in oiriúint do theangacha na mBallstát lena mbaineann.

5. Ní bheidh aon íostairseach maidir le leithdháileadh suíochán sa toghlach uile-Aontais dá dtagraítear in Airteagal 15.

Airteagal 14

**Toghlaigh náisiúnta**

I gcomhréir lena staid náisiúnta shonrach agus gan dochar d'Airteagal 15, féadfaidh gach Ballstát toghlaigh aonair a bhunú le haghaidh toghcháin do Pharlaimint na hEorpa nó a thoghlimistéar a fhoroinnt ar bhealach difriúil, gan difear a dhéanamh do chineál comhréireach an chórais vótála i gcoitinne.

Féadfaidh na Ballstáit toghlaigh aonchomhalta a bhunú a dhéanann ionadaíocht ar mhionlaigh theangeolaíocha nó eitneacha, ar náisiúnaigh thar lear, ar na réigiúin is forimeallaí nó ar chríocha thar lear i gcomhréir le rialacháin náisiúnta, gan difear a dhéanamh do chineál comhréireach an chórais vótála.

Airteagal 15

**Toghlach uile-Aontais**

1. Beidh toghlach amháin ann a bheidh comhdhéanta de chríoch iomlán an Aontais Eorpaigh as a dtoghfar 28 Feisire de Pharlaimint na hEorpa sa chéad toghchán d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm.

I gcás toghcháin d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin, cinnfear méid an toghlaigh uile-Aontais leis an gCinneadh ón gComhairle Eorpach lena mbunaítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa.

2. Ní dochar an toghchán, maidir leis an toghlach uile-Aontais, d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh i ngach Ballstát.

3. Féadfaidh gach eintiteas toghcháin Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 2, liostaí uile-Aontais a chur faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin.

4. Ní fhéadfaidh aon eintiteas toghcháin Eorpach níos mó ná liosta uile-Aontais amháin a chur isteach. Ní fhéadfaidh páirtithe náisiúnta agus comhlachais náisiúnta vótálaithe tacú ach le liosta amháin ar fud an Aontais.

5. Beidh ainm agus lógó an eintitis toghcháin Eorpaigh faoi seach ar bhallóidí na liostaí uile-Aontais.

6. I gcás iarrthóirí a bhfuil cónaí orthu i dtríú tír, is í áit chónaithe an iarrthóra, chun críocha an liosta uile-Aontais a tharraingt suas, an áit chónaithe dheireanach a bheidh aige/aici sular fhágadar an tAontas Eorpach. I gcás iarrthóirí a rugadh i dtríú tír agus a bhfuil cónaí orthu i dtríú tír, beidh an áit chónaithe, chun an liosta uile-Aontais a tharraingt suas, ag freagairt do Bhallstát náisiúntachta an iarrthóra.

7. Áireofar ar na liostaí uile-Aontais líon iarrthóirí atá comhionann le líon na sainorduithe dá dtagraítear i mír 1.

8. Déanfaidh na heintitis toghcháin Eorpacha na liostaí uile-Aontais a tharraingt suas i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 10(1).

9. Chun cothromaíocht gheografach a áirithiú, roinntear na liostaí uile-Aontais i ranna de thrí shliotán. Tá gach ceann de na trí shliotán sin le líonadh le hiarrthóir amháin ó gach ceann de na trí ghrúpa Ballstát mar atá sainmhínithe in Iarscríbhinn I agus mar a léirítear in Iarscríbhinn II.

10. Maidir le hiarrthóirí a bhfuil cónaí orthu in aon cheann de na Ballstáit i ngach ceann de na trí ghrúpa Ballstát a áirítear in Iarscríbhinn I, athróidh an t-ord sin i ngach roinn liosta de thrí shliotán suas go dtí an sliotán liosta a chomhfhreagraíonn don uimhir a thagann as líon iomlán na suíochán a roinnt faoi dhó, agus déanfar é a shlánú suas go dtí an chéad slánuimhir eile i gcás inar gá.

11. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) daonra iomlán na mBallstát a ríomh ar bhonn na sonraí is déanaí arna soláthar ag na Ballstáit, i gcomhréir le modh arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

12. Déanfar leithdháileadh na suíochán ar na liostaí uile-Aontais bunaithe ar na torthaí comhiomlánaithe sa toghlach uile-Aontais i gcomhréir le córas D'Hondt, mar seo a leanas:

(a) cuirtear líon na vótaí a fuair na hiarrthóirí in ord ó na vótaí is airde go dtí an líon is ísle, i gcolún;

(b) déantar líon na vótaí a fuair gach iarrthóireacht a roinnt ar 1,2,3, etc., suas go dtí uimhir atá cothrom le líon na suíochán a chomhfhreagraíonn don toghlach, lena mbunaítear tábla atá cosúil leis an gceann atá in Iarscríbhinn III. Déanfar na suíocháin a shannadh do na hiarrthóirí a fhaigheann na cóimheasa is airde sa tábla, in ord íslitheach;

(c) más rud é go bhfuil dhá shuíochán a chomhfhreagraíonn d'iarrthóireachtaí éagsúla san áit chéanna ar an liosta líonta, leithdháiltear an suíochán ar an liosta a fuair an líon is mó vótaí. Má bhíonn beirt iarrthóirí ann a bhfuil an líon céanna vótaí acu, socrófar an chéad chomhscór trí chrannchur agus socraítear na cinn ina dhiaidh sin ar bhealach eile.

13. Soláthróidh craoltóirí poiblí Eorpacha agus náisiúnta am craolacháin i gcomhréir le torthaí an toghcháin roimhe sin don toghlach uile-Aontais, lena n-áiritheofar am íosta craolacháin do gach liosta uile-Aontais.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le staidreamh déimeagrafach Eorpach (IO L 330, 10.12.2013, lch. 39).

Airteagal 16

**Feachtais toghcháin na n-eintiteas toghcháin Eorpach a mhaoiniú**

Beidh feidhm mutatis mutandis ag forálacha Chaibidlí IV agus V de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 maidir le feachtais toghcháin na n-eintiteas toghcháin Eorpach a mhaoiniú.

Airteagal 17

**Forálacha coiteanna a bhaineann le feachtais toghcháin**

1. Ní chuirfear tús le feachtasaíocht toghcháin go dtí 8 seachtaine roimh lá an Toghcháin.

2. Is éard atá i gceist le feachtasaíocht toghcháin vótaí a iarraidh ar vótálaithe i dtoghchán chuig Parlaimint na hEorpa trí ábhar clóite nó digiteach agus formáidí eile cumarsáide poiblí, fógraíochta sna meáin, agus imeachtaí poiblí. Áireofar in ábhair feachtais toghcháin lógó agus tagairt d'fhorógra nó do chlár an eintitis toghcháin Eorpaigh a bhfuil an páirtí náisiúnta cleamhnaithe leis.

3. Beidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar ábhair feachtais toghcháin.

4. Sna toghlaigh náisiúnta, beidh na páipéir bhallóide a úsáidfear i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa aonfhoirmeach, tabharfaidh siad infheictheacht chomhionann d'ainmneacha, d'acrainmneacha, do shiombailí agus lógónna, más ann dóibh, na bpáirtithe polaitiúla náisiúnta agus/nó na gcomhlachas náisiúnta vótálaithe, agus d'ainmneacha na n-eintiteas toghcháin Eorpach nuair atá siad cleamhnaithe le haon cheann acu, agus beidh liosta ainmneacha na n-iarrthóirí agus, i gcás inarb iomchuí, ainmneacha na n-ionadaithe orthu, san ord ina mbeidh siad ar na liostaí toghcháin ábhartha.

5. Beidh na rialacha maidir le hábhair toghcháin a chur sa phost chuig vótálaithe i dtoghcháin do Parlaimint na hEorpa mar a chéile leis na rialacha a chuirtear i bhfeidhm i gcomhair toghcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sa Bhallstát lena mbaineann.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna d'eintitis toghcháin Eorpacha mar a thugtar do pháirtithe polaitiúla náisiúnta agus comhlachais náisiúnta vótálaithe maidir leis an bhfeachtas toghcháin a bhaineann leis an toghlach uile-Aontais.

7. Déanfaidh na Ballstáit tréimhse forchoimeádta toghcháin Eorpach 48 n-uair an chloig a chur chun feidhme roimh lá an Toghcháin, tráth nach gceadófar ceisteanna a chur ar thoghthóirí faoina bhfuil ar intinn acu vótáil.

Airteagal 18

**Údarás Teagmhála**

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás teagmhála, a bheidh freagrach as na sonraí faoi vótálaithe is gá chun an rolla toghthóirí Eorpach a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 9(2) agus faoi iarrthóirí, a mhalartú lena gcomhghleacaithe sna Ballstáit eile agus leis an Údarás Eorpach um Thoghcháin arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 28.

2. Tosóidh an t-údarás teagmhála dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme maidir le sonraí pearsanta a chosaint, ar na sonraí a luaitear in Airteagail 9 agus 10 de Threoir 93/109/CE[1] ón gComhairle maidir le saoránaigh an Aontais a cuireadh isteach ar na rollaí náisiúnta toghthóirí agus ar an rolla toghthóirí Eorpach nó atá ina n-iarrthóirí, i mBallstát nach náisiúnaigh de iad, a tharchur chuig na contrapháirtithe sin agus chuig an Údarás Eorpach um Thoghcháin, tráth nach déanaí ná 6 seachtaine roimh lá an Toghcháin.

Airteagal 19

**Lá an Toghcháin**

1. Déanfar toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a reáchtáil an 9 Bealtaine den bhliain dheireanach de théarma parlaiminteach, dá dtagraítear in Airteagal 20 (an "Lá an Toghcháin").

2. Le linn uaireanta oscailte na stáisiún vótála agus ó leathuair an chloig sula n-osclaíonn na stáisiúin vótála, beidh toirmeasc ar aon ghníomhaíochtaí polaitiúla sna stáisiúin vótála nó gar dóibh, gan dochar d'aon ghníomhaíocht a eagraítear chun Lá na hEorpa a cheiliúradh sna Ballstáit.

3. Tiocfaidh deireadh leis na toghcháin sna Ballstáit go léir faoi 21:00 am áitiúil lá an Toghcháin. Chun an difríocht ama a chur san áireamh, féadfar toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a reáchtáil an 8 Bealtaine den bhliain dheireanach de théarma parlaiminteach i dtíortha agus i gcríocha an Aontais thar lear.

4. Ní dhéanfaidh na Ballstáit torthaí a gcomhairimh a phoibliú go hoifigiúil ná ar bhonn sealadach go dtí tar éis dheireadh na vótála, i gcomhréir le mír 3, sa Bhallstát arb iad a dtoghthóirí na daoine deiridh le vótáil.

5. Féadfaidh Ballstáit lá an Toghcháin a fhógairt mar lá saoire náisiúnta.

Airteagal 20

**Torthaí an toghcháin a chinneadh agus a fhoilsiú**

---

1 Treoir 93/109/CE ón gComhairle an 6 Nollaig 1993 lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (IO L 329, 30.12.1993, lch. 34).

1. Déanfaidh an tÚdarás Eorpach um Thoghcháin torthaí na dtoghchán sa toghlach uile-Aontais agus sna toghlaigh náisiúnta a fhógairt, san ord sin, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na húdaráis teagmhála.

2. Foilseofar torthaí oifigiúla na dtoghchán in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 21

**Téarma parlaiminteach agus sainordú**

1. Tosóidh an téarma 5 bliana, a ndéantar Feisirí de Parlaimint na hEorpa a thoghadh ina leith, ag oscailt an chéad seisiúin i ndiaidh gach toghcháin (an "téarma parlaiminteach").

2. Cuirfear tús le téarma oifige gach Feisire de Pharlaimint na hEorpa agus tiocfaidh deireadh leis i gcomhréir leis an téarma parlaiminteach (an "sainordú").

Airteagal 22

**Comóradh na Parlaiminte**

Sa bhreis ar an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 229 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tiocfaidh Parlaimint na hEorpa le chéile, gan a bheith de riachtanas í a chomóradh, ar an gcéad Mháirt tar éis tréimhse míosa a bheith caite ó lá an Toghcháin.

Airteagal 23

**Fíorú na ndintiúr**

Fíoróidh Parlaimint na hEorpa dintiúir Feisirí de Pharlaimint na hEorpa.

Chun na críche sin, tabharfaidh sí dá haire na torthaí arna ndearbhú go hoifigiúil ag na Ballstáit agus arna bhfógairt ag an Údarás Eorpach um Thoghcháin.

Airteagal 24

**Neamhréireachtaí**

1. Beidh oifig Feisire de Pharlaimint na hEorpa ar neamhréir leis na hoifigí seo a leanas:

- comhalta de rialtas Ballstáit,
- comhalta de pharlaimint náisiúnta nó réigiúnach nó tionól ag a bhfuil cumhachtaí reachtacha,
- comhalta den Choimisiún Eorpach,
- Breitheamh, Abhcóide Ginearálta nó Cláraitheoir Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,
- comhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh,
- comhalta den Chúirt Iniúchóirí,
- an tOmbudsman Eorpach,
- comhalta den Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta,
- comhalta de Choiste na Réigiún,
- comhalta de choistí nó de chomhlachtaí eile arna mbunú de bhun Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach chun críocha cistí an Aontais a bhainistiú nó cúram buan díreach riaracháin a dhéanamh,
- comhalta de Bhord Stiúrthóirí, de Choiste Bainistíochta nó d'fhoireann an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta,
- oifigeach nó seirbhíseach gníomhach d'institiúidí an Aontais Eorpaigh nó de na sainchomhlachtaí a ghabhann leo nó den Bhanc Ceannais Eorpach.

2. Féadfaidh gach Ballstát rialacha náisiúnta breise a ghlacadh maidir le neamhréireacht le hoifig Feisire de Pharlaimint na hEorpa.

3. I gcomhréir le hAirteagal 27, déanfar feisirí de Pharlaimint na hEorpa, a dtiocfaidh mír 1 agus mír 2 chun bheith infheidhme maidir leo le linn an téarma pharlaimintigh, a ionadú.

Airteagal 25

**Gníomhaíochtaí parlaiminteacha seachtracha**

Nuair a thoghfar iad, ainmneoidh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa an bardas agus, más infheidhme, an réigiún, laistigh dá mBallstát cónaithe, as a ndéanfaidh siad gníomhaíochtaí parlaiminteacha seachtracha.

Airteagal 26

**Vóta pearsanta agus neamhspleách**

1. Vótálfaidh feisirí de Pharlaimint na hEorpa ar bhonn aonair agus ar bhonn pearsanta. Ní bheidh siad faoi cheangal ag aon treoracha ná ní bhfaighidh siad sainordú ceangailteach.

2. Beidh na pribhléidí agus na díolúintí ag feisirí de Pharlaimint na hEorpa a bhaineann leo de bhua Phrótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, ón tráth a dhearbhófar go hoifigiúil iad a bheith tofa do Pharlaimint na hEorpa.

Airteagal 27

**Folúntais**

1. Beidh suíochán folamh nuair a thiocfaidh deireadh le sainordú Feisire de Pharlaimint na hEorpa mar thoradh ar an bhFeisire sin éirí as oifig nó fáil bháis, nó mar gheall ar tharraingt siar a shainordaithe nó a sainordaithe.

2. I gcás ina bhfaigheann Feisire de Pharlaimint na hEorpa arna thoghadh sa toghlach uile-Aontais bás, ina n-éiríonn Feisire den sórt sin as oifig nó ina dtarraingnítear sainordú Feisire den sórt sin siar, cuirfidh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an tÚdarás Eorpach um Thoghcháin ar an eolas láithreach.

Líonfar an folúntas ag an gcéad iarrthóir eile ar an liosta iarrthóirí inar toghadh ar dtús an Feisire a fuair bás, a d'éirigh as nó a tarraingíodh siar a shainordú.

3. Faoi réir fhorálacha eile an Rialacháin seo, leagfaidh gach Ballstát síos nósanna imeachta iomchuí chun aon suíochán atá folamh le linn an téarma pharlaimintigh a líonadh, don chuid eile den tréimhse sin.

4. I gcás ina ndéantar foráil shainráite i ndlí Ballstáit maidir le sainordú Feisire de Pharlaimint na hEorpa a tharraingt siar, tiocfaidh deireadh leis an sainordú sin de bhun na bhforálacha dlíthiúla sin. Cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta Parlaimint na hEorpa ar an eolas ina leith.

5. I gcás ina mbeidh suíochán folamh mar thoradh ar éirí as nó bás, cuirfidh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa é sin in iúl láithreach d’údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann

agus don Údarás Eorpach um Thoghcháin.

6. I gcás ina bhfógraíonn an Pharlaimint go bhfuil folúntas ann maidir le suíochán feisire a toghadh ón toghlach uile-Aontais, cuirfidh an tUachtarán an tÚdarás Eorpach um Thoghcháin ar an eolas ina leith, agus iarrfaidh sé air an suíochán a líonadh ar feadh an tréimhse atá fágtha den sainordú gan mhoill.

Líonfar folúntais i suíocháin feisirí de Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh ón toghlach uile-Aontais leis an gcéad iarrthóir eile ar an liosta ábhartha, de réir an oird tosaíochta.

7. Féadfaidh an Pharlaimint, ar iarraidh ón bhFeisire lena mbaineann, agus le comhaontú an Bhallstáit lena mbaineann nó an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin, a mholadh go ndéanfar an Feisire lena mbaineann a ionadú ar bhonn sealadach i gcás saoire mháithreachais, saoire atharthachta nó saoire do thuismitheoirí nó i gcás saoire de dheasca breoiteacht throm.

Nuair atá suíochán folamh go sealadach ar aon cheann de na cúiseanna a leagtar amach sa chéad fhomhír, cuirfear an chéad iarrthóir eile ar an liosta ábhartha in ionad an Fheisire lena mbaineann go sealadach ar feadh tréimhse 16 seachtaine, agus féadfaidh an t-iarrthóir sin a chinneadh cé acu an líonfaidh nó nach líonfaidh sé an folúntas. Má dhiúltaítear an folúntas a líonadh ní chaillfear an áit ar an liosta ábhartha d'fholúntais amach anseo. Féadfar an tréimhse 16 seachtaine a athnuachan.

Airteagal 28

**An tÚdarás Eorpach um Thoghcháin**

1. Bunaítear leis seo Údarás Eorpach um Thoghcháin (an "An tÚdarás Eorpach um Thoghcháin") chun na críocha seo a leanas:

(a) cur chun feidhme ceart an Rialacháin seo a áirithiú chomh maith leis an bpróiseas toghcháin sa toghlach uile-Aontais a stiúradh agus faireachán a dhéanamh air;

(b) an nós imeachta is infheidhme maidir le gearáin faoi Airteagal 10(2) a shainiú a mhéid a bhaineann leis an toghlach uile-Aontais;

(c) na feidhmeanna uile a bhaineann leis an bpróiseas toghcháin sa toghlach uile-Aontais a fheidhmiú agus idirchaidreamh a dhéanamh leis na húdaráis teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 18;

(d) a fhíorú go gcomhlíonann na heintitis toghcháin Eorpacha na coinníollacha maidir le liostaí uile-Aontais a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 15;

(e) rolla toghthóirí na hEorpa a bhunaítear in Airteagal 9 a bhainistiú;

(f) torthaí toghcháin a fhógairt i gcomhréir le hAirteagal 20;

(g) rialú ar aon díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn as forálacha an Rialacháin seo seachas na díospóidí sin a eascraíonn as na forálacha náisiúnta dá dtagraítear sa Rialachán seo.

Féadfaidh an tÚdarás Eorpach um Thoghcháin cúnamh a thabhairt freisin i gcás deacrachtaí a bhaineann le léirmhíniú ar na liostaí arna gcur isteach ag na húdaráis náisiúnta.

2. Beidh an tÚdarás Eorpach um Thoghcháin neamhspleách agus déanfaidh sé a chuid feidhmeanna a fheidhmiú i lánchomhlíonadh an Rialacháin seo.

3. Déanfaidh an tÚdarás Eorpach um Thoghcháin na liostaí uile-Aontais a fhógairt 11 seachtain roimh lá an Toghcháin.

Déanfaidh sé Clár de na liostaí uile-Aontais éagsúla, arna dtíolacadh ag na heintitis toghcháin Eorpacha, a bhunú agus a bhainistiú. Cuirfear an fhaisnéis ar an gClár ar fáil go poiblí.

Ina chinntí, tabharfaidh an tÚdarás Eorpach um Thoghcháin lánaird ar na cearta bunúsacha chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir.

4. Ceapfaidh gach Ballstát comhalta amháin den Údarás Eorpach um Thoghcháin, arna roghnú as ollúna dlí nó eolaíochta polaitiúla agus saineolaithe eile i gcórais toghcháin ar bhonn a gcáilíochtaí gairmiúla agus cothromaíocht inscne á hurramú. Toghfaidh comhaltaí an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin a uachtarán, a leas-uachtarán agus a rúnaí trí thromlach simplí, le vótaí ar leithligh. Féachfaidh an tÚdarás Eorpach um Thoghcháin le cinntí a ghlacadh trí chomhthoil. Mura féidir cinneadh a dhéanamh trí chomhthoil, déanfaidh an tÚdarás Eorpach um Thoghcháin cinneadh trí vóta tromlaigh shimplí.

Beidh comhaltaí uile an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin neamhspleách i gcomhlíonadh a ndualgais. Ní iarrfaidh siad treoracha ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon institiúid nó rialtas ná ó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht. Ní bheidh siad ina bhFeisirí nó ina nIar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa, de pharlaimintí náisiúnta nó de rialtais náisiúnta. Ina theannta sin, ní aon sainordú toghcháin acu, ná ní bheidh siad ina n-oifigigh ná ina seirbhísigh eile d’aon institiúid an Aontais nó d’aon pháirtí polaitiúil Eorpach ná d’aon chomhlachas Eorpach vótálaithe, ná d’aon fhondúireacht pholaitiúil Eorpach.

Ceapfar comhaltaí an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin ar feadh téarma 5 bliana a bheidh inathnuaite aon uair amháin.

5. Déanfaidh uachtarán an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin ionadaíocht thar ceann an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin agus áiritheoidh sé cur chun feidhme chinntí uile an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin thar a cheann.

Staonfaidh uachtarán an Údaráis ó aon ghníomh atá ar neamhréir le nádúr a chuid nó a cuid dualgas.

Más rud é nach gcomhlíonann comhalta den Údarás Eorpach um Thoghcháin, lena n-áirítear

an tUachtarán, na coinníollacha is gá chun a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh a thuilleadh, féadfar é nó í a bhriseadh as a phost nó as a post trí vóta arna tacú le trí chúigiú ar a laghad de chomhaltaí an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin ar bhonn tuarascála ina leagtar amach togra réasúnaithe maidir le dífhostú.

Cuirfear tús le téarma 5 bliana an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin 2 bhliain go leith tar éis thús an téarma pharlaimintigh. Cuirfear tús leis an gcéad sainordú de chuid an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

I gcás folúntas a tharlaíonn san Údarás Eorpach um Thoghcháin de bharr éirí as oifig, scoir, dífhostaithe nó báis, líonfar é i gcomhréir leis an nós imeachta chéanna is infheidhme maidir leis an gcéad cheapachán.

6. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an Údarás Eorpach um Thoghcháin agus beidh na hoifigí, an fhoireann, na seirbhísí agus na saoráidí tacaíochta riaracháin is gá aige chun a fheidhmeanna a chur i gcrích.

7. Laistigh de 9 mí tar éis na dtoghchán Eorpach, cuirfidh an tÚdarás Eorpach um Thoghcháin tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir le heagrú na dtoghchán Eorpach agus maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus maidir lena aidhmeanna a bhaint amach.

8. Déanfar costais an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin, lena n-áirítear luach saothair a chomhaltaí, a mhaoiniú le leithreasuithe ó bhuiséad ginearálta an Aontais.

Beidh leithreasuithe buiséadacha leordhóthanach chun oibriú iomlán agus neamhspleách an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin a áirithiú. Déanfaidh uachtarán an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin dréachtphlean buiséadach don Údarás Eorpach um Thoghcháin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, agus cuirfear ar fáil go poiblí é. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa dualgais an Oifigigh Údarúcháin i ndáil leis na leithreasuithe sin a tharmligean chuig uachtarán an Údaráis Eorpaigh um Thoghcháin.

Airteagal 29

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina Choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 30

**Aisghairm**

1. Déantar an Ionstraim maidir le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, chomh maith le Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, Euratom ón gComhairle lena leagtar síos an Ionstraim sin, a aisghairm.

2. Déanfar tagairtí don ionstraim aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 31

**Clásal athbhreithnithe**

Tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis gach toghcháin Eorpaigh, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Thoghcháin, tuarascáil thíolacadh maidir le feidhmiú foriomlán an Rialacháin seo, lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú.

Airteagal 32

**Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis a fhormheasa ag na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra d'Ardrúnaíocht na Comhairle nuair a bheidh a gcuid nósanna imeachta náisiúnta tugtha chun críche.

**IARSCRÍBHINN I TÁBLA - 27 mBALLSTÁT AE DE RÉIR CATAGÓIRÍ DAONRA**

| Catagóirí | Ballstát | Daonra iomlán |
|---|---|---|
| Grúpa A (37,9 milliún - 83,1 milliún) | An Ghearmáin | 83 166 711 |
| | An Fhrainc | 67 320 216 |
| | An Iodáil | 59 641 488 |
| | An Spáinn | 47 332 614 |
| | An Pholainn | 37 958 138 |
| Grúpa B (6,9 milliún - 19,3 milliún) | An Rómáin | 19 328 838 |
| | An Ísiltír | 17 407 585 |
| | An Bheilg | 11 522 440 |
| | An Ghréig | 10 718 565 |
| | An tSeicia | 10 693 939 |
| | An tSualainn | 10 327 589 |
| | An Phortaingéil | 10 295 909 |
| | An Ungáir | 9 769 526 |
| | An Ostair | 8 901 064 |
| | An Bhulgáir | 6 951 482 |
| Grúpa C (0,5 milliún - 5,8 milliún) | An Danmhairg | 5 822 763 |
| | An Fhionlainn | 5 525 292 |
| | An tSlóvaic | 5 457 873 |
| | Éire | 4 964 440 |
| | An Chróit | 4 058 165 |
| | An Liotuáin | 2 794 090 |
| | An tSlóivéin | 2 095 861 |
| | An Laitvia | 1 907 675 |
| | An Eastóin | 1 328 976 |
| | An Chipir | 888 005 |
| | Lucsamburg | 626 108 |
| | Málta | 514 564 |

Foinse: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/tps00001/default/table?lang=en

**IARSCRÍBHINN II**

**Sampla praiticiúil de liosta uile-Aontais ag baint úsáid as an ngrúpa trí chatagóir ina bhfuil 28 suíochán.**

Is samplaí iad A2, A3, A4, A5, B1, B2, B3, B4, B5, B7, B8, B9, B10, C1, C2, C3, C4, C5, C6, C7, C8, C9, C10, C11, C12, E6 d'iarrthóirí ó na Ballstáit de réir catagóire daonra

| **Sampla de liosta uile-Aontais** | | |
|---|---|---|
| Ranna | Uimhir shliotáin | Iarrthóirí ó |
| Roinn 1 | 1 | A1 |
| | 2 | B7 |
| | 3 | C7 |
| Roinn 2 | 4 | B10 |
| | 5 | C5 |
| | 6 | A3 |
| Roinn 3 | 7 | A2 |
| | 8 | C3 |
| | 9 | B7 |
| Roinn 4 | 10 | B5 |
| | 11 | C3 |
| | 12 | A4 |
| Roinn 5 | 13 | A5 |
| | 14 | C12 |
| | 15 | B9 |
| Roinn 6 | 16 | A4 |
| | 17 | A2 |
| | 18 | B2 |
| Roinn 7 | 19 | B3 |
| | 20 | A1 |
| | 21 | B8 |
| Roinn 8 | 22 | C1 |
| | 23 | C2 |
| | 24 | B4 |
| Roinn 9 | 25 | A5 |
| | 26 | C8 |
| | 27 | B1 |
| Roinn 10 | 28 | B7 |

## IARSCRÍBHINN III

**Sampla praiticiúil - Modh D'Hondt**

Sampla praiticiúil: 1 000 000 vóta bailí caite i dtoghlach a thoghann 5 Feisirí.

A (350 000 vóta), B (300 000 vóta), C (150 000 vóta), D (100 000 vóta), E (70 000 vóta), F (30 000 vóta)

| **Rannán** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|---|
| A | 350 000 | 175 000 | 116 666 | 87 500 | 70 000 |
| B | 300 000 | 150 000 | 100 000 | 75 000 | 60 000 |
| C | 150 000 | 75 000 | 50 000 | 37 500 | 30 000 |
| D | 100 000 | 50 000 | 33 333 | 25 000 | 20 000 |
| E | 70 000 | 35 000 | 23 333 | 17 500 | 14 000 |
| F | 30 000 | 15 000 | 10 000 | 7 500 | 6 000 |

Mar thoradh, faigheann A 2 shuíochán, faigheann B 2 shuíochán agus faigheann C suíochán amháin.